



An tÚdarás Árachas Sláinte
The Health Insurance Authority

An tÚdarás Árachas Sláinte

Tuarascáil Bhliantúil
agus Cuntais 2020

Clár na nÁbhar

| | | | | |
|----------|--|-----------|---|-----------|
| 1 | Ráiteas ón gCathaoirleach | 3 | 7.3 Fógraíocht | 24 |
| 2 | Comhaltas agus Bainistíocht an Údaráis | 4 | 7.4 Na Meáin Shóisialta..... | 24 |
| | 2.1 Comhaltas..... | 5 | 8 Gnóthaí Corparáideacha | 25 |
| | 2.2 Bainistíocht..... | 7 | 8.1 Rialachas Corparáideach..... | 26 |
| 3 | Ráiteas ar Leas an Phobail | 8 | 8.1.1 An Cód Cleachtais um Rialachas Corparáideach..... | 26 |
| 4 | Freagairt do Covid-19..... | 10 | 8.1.2 Eitic in Oifigí Poiblí..... | 26 |
| | 4.1 Margadh Árachais Sláinte Príobháideach | 11 | 8.1.3 Nochtadh Cosanta..... | 26 |
| | 4.2 Scéim Comhionannaithe Riosca | 11 | 8.1.4 Cearta an Duine agus Comhionannas ... | 26 |
| | 4.3 Rannpháirtíocht i gCoiste an Oireachtais um Fhreagairt do Covid..... | 11 | 8.1.5 Teangacha Oifigiúla | 26 |
| | 4.4 Tuarascáil don Aire Sláinte | 11 | 8.1.6 Saoráil Faisnéise agus Ceisteanna Parlaiminte | 26 |
| | 4.5 Coiste Covid-19..... | 11 | 8.1.7 Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais..... | 27 |
| | 4.6 Faisnéis do Thomhaltóirí..... | 12 | 8.1.8 Iniúchadh Inmheánach | 27 |
| | 4.7 Ceisteanna Foirne..... | 12 | 8.2 Bainistíocht Riosca | 27 |
| 5 | Margadh Árachais Sláinte Príobháideach in Éirinn..... | 13 | 8.3 Straitéis Chumarsáide | 28 |
| | 5.1 Méid an Mhargaidh..... | 14 | 8.4 Ídiú Fuinnimh | 29 |
| | 5.2 Costas Árachais Sláinte agus Costais Éileamh ... Cúraim Sláinte | 15 | 8.5 Acmhainní..... | 30 |
| | 5.3 Forbairtí Táirgí..... | 16 | 8.5.1 Foireann..... | 30 |
| | 5.4 Tuairimí Maidir le hÁrachas Sláinte | 16 | 8.5.2 Maoiniú | 30 |
| 6 | Rialáil | 17 | 9 Tuarascáil agus Cuntais 2020 | 31 |
| | 6.1 Struchtúr Rialála an Mhargaidh | 17 | 9.1 Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais an Údaráis Árachais Sláinte don bhliain 1 Eanáir 2020 go 31 Nollaig 2020..... | 32 |
| | 6.1.1 Forbairtí Rialála in 2020 | 18 | 9.2 Faisnéis ar an Údarás..... | 60 |
| | 6.2 Scéim Comhionannaithe Riosca na hÉireann | 19 | 10 Aguisíní | 74 |
| | 6.2.1 Rátaí Comhionannaithe Riosca atá i bhFeidhm in 2020 | 19 | Aguisín A - Staitisticí a Bhaineann leis an Margadh Árachais Sláinte Príobháideach in Éirinn, 2019 | 75 |
| | 6.2.2 Measúnú Róchúitimh | 20 | Aguisín B - Éagsúlacht Éilimh de réir Aoise..... | 76 |
| | 6.2.3 An Scéim Comhionannaithe Riosca | 20 | Aguisín C - Struchtúr Aoise an Mhargaidh..... | 77 |
| | 6.3 An Clár um Ghnóthais Sochar Sláinte..... | 20 | Aguisín D - An Clár um Ghnóthais Sochar Sláinte | 77 |
| | 6.4 An Clár na gConarthaí Árachais Sláinte | 21 | Aguisín E - Rátaí Comhionannaithe Riosca | 78 |
| | 6.5 Fógra Táirgí | 21 | Aguisín F - Staidrimh Phobalráitithe ar Feadh an tSaoil | 78 |
| 7 | Leas an Tomhaltóra..... | 22 | | |
| | 7.1 Ceisteanna agus Gearáin ó Thomhaltóirí | 23 | | |
| | 7.1.1 Faisnéis do Thomhaltóirí..... | 23 | | |
| | 7.1.2 Cás-staidéar 1..... | 23 | | |
| | 7.1.3 Cás-staidéar 2..... | 23 | | |
| | 7.2 Uirlis um Chomparáid Praghsanna | 23 | | |

1

**Ráiteas ón
gCathaoirleach**

De réir Alt 33(2) den Acht Árachais Sláinte, 1994, tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an Údaráis Árachais Sláinte (“an tÚdarás”) a chur i láthair don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020. Comhlíonann an tÚdarás roinnt feidhmeanna i ndáil leis an margadh árachais sláinte príobháideach in Éirinn, a bhfuil córas rialála aige atá bunaithe ar an bpríomhphrionsabail de phobalráit, rollú oscailte, cumhdach ar feadh an tsaoil agus sochair íosta.

Tionchar éagsúla na paidéime Covid-19 is mó a bhí faoi thrácht ag an saol sa bhliain. Maidir le rialachas agus oibríochtaí an Údaráis, d’aistrigh an Bord, an bhainistíocht agus an fhoireann chuig cruinnithe ar líne agus iad ag obair ón mbaile gan cur isteach suntasach. Bhunaigh an Bord Coiste Covid-19 freisin agus, i mí na Nollag 2020, chuir an tÚdarás tuarascáil faoi bhráid an Aire Sláinte a

an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag Covid-19 ar mhargadh árachais sláinte phríobháidigh na hÉireann. Tugadh faoi deara sa tuarascáil go bhfuil an t-ionchas don mhargadh árachais sláinte phríobháidigh agus do thomhaltóirí árachais sláinte príobháidigh neamhchinnte agus sainaithníodh roinnt gníomhartha chun obair an Údaráis a threorú thar thrí théama: (i) bailiú sonraí feabhsaithe ó phríomhpháirtithe leasmhara chun tacú le hanailís bunaithe ar fhianaise, (ii) monatóireacht a dhéanamh ar rannpháirtíocht sa mhargadh agus ar dhearcaí tomhaltóirí agus (iii) feachtas ar chearta tomhaltóirí.


Bhí tionchar na paidéime Covid-19 le feiceáil go soiléir ar an margadh in 2020, agus laghdú géar ar éilimh, a bhí fritháirithe i bpáirt ag aisíocáidí árachóra. Tá an t-éileamh ar árachas sláinte fós láidir agus in ainneoin tionchar Covid-19 ar an ngeilleagar agus ar leibhéil fostaíochta, bhí méadú ar líon na ndaoine a bhfuil árachas sláinte acu. Leanann árachóirí de bheith réamhghníomhach maidir le sochair agus praghsanna táirgí aonair a choigeartú agus seirbhísí agus gnéithe nua a chur leis ionas go mbeidh castacht an mhargaidh do thomhaltóirí ard i gcónaí.

Tá an tÚdarás freagrach as riarachán agus cothabháil na Scéime Comhionannaithe Riosca, ar tacaíocht riachtanach do phobalráit í, agus cuirtear cuntais 2020 den Chiste Comhionannaithe Riosca a bunaíodh faoin Scéim san áireamh sa Tuarascáil seo. Ní mór an Scéim a chur in iúl don Choimisiún Eorpach agus a bheith cheadaithe mar Chúnamh Stáit agus bhí an stádas cheadaithe seo le dul in éag i mí na Nollag 2020. Mar gheall ar an bpaindéim, áfach, aontaíodh leis an gCoimisiún Eorpach go leathnófaí an scéim atá ann go dtí Márta 2022. Tar éis próiseas comhairliúcháin phoiblí go luath in 2021, tá an tÚdarás ag cur comhairle ar an Roinn Sláinte maidir leis na mionchoigeartuithe atá beartaithe ar an scéim, go háirithe ciste éileamh ardchostais a thabhairt isteach, d’fhonn é a cheadú lena chur i bhfeidhm ón 1 Aibreán 2022.

Chuir Covid-19 moill freisin ar ghníomhaíochtaí taighde beartaithe an Údaráis le linn 2020, lena n-áirítear taighde ar na roghanna maidir le hathchóirí árachais sláinte i gcomhthéacs SláinteCare agus taighde iompraíochta le tomhaltóirí. Bhí an fheidhm fhaisnéise do thomhaltóirí gníomhach i gcónaí i rith na bliana agus rinneadh nuashonruithe rialta ar an láithreán gréasáin maidir le hathruithe ar mhionsonraí an phlean árachais sláinte agus le ceisteanna coitianta, lena n-áirítear ceisteanna a thugann aghaidh ar thionchar Covid-19. Cuireann an uirlis chomparáide ar chumas tomhaltóirí comparáid a dhéanamh idir buntáistí agus praghsanna na bpleananna uile atá ar fáil ar an margadh agus is é an leathanach tuirlingthe is mó a bhfuil tóir air ar an láithreán gréasáin. Tugann aiseolas le fios go bhféadfadh sé a bheith dúshlánach do roinnt úsáideoirí idirghníomhú leis an uirlis, agus cuideoidh torthaí taighde tomhaltóirí bonn eolais a chur faoi conas a d’fhéadfaí é a fheabhsú. Soláthraíonn an tÚdarás líne chabhrach íosghlaonna freisin trínar féidir le tomhaltóirí faisnéis a lorg faoi chomparáidí plean árachais agus a gcearta faoi na hAchtanna Árachais Sláinte. Le blianta beaga anuas, leathnaigh an tÚdarás a fhógraíocht ar fud roinnt bealaí meán d’fhonn feachtas a mhéadú ar ról an Údaráis mar fhoinsé iontaofa faisnéise ar árachas sláinte agus d’fhonn tomhaltóirí a spreagadh praghsanna agus tairbhí pleananna a chur i gcomparáid.

Is í seo mo thuarascáil deiridh mar Chathaoirleach an Údaráis, tar éis dom a bheith ceaptha mar Chomhalta den chéad uair in 2010. Bhí sé de phribhléid agam freastal ar an Údarás i rith na tréimhse seo agus admhaím tacaíocht chuiditheach mo chomhghleacaithe Boird i mo ról mar Chathaoirleach. Tháinig Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nua isteach in 2020 freisin le dul ar scor Don Gallagher, a chuir go mór le sainchúram an Údaráis le sé bliana anuas. Fáiltíom roimh cheapachán Laura Brien a bhfuil neart saineolais agus taithí aici.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire agus leis na hoifigigh sa Roinn Sláinte as a dtacaíocht agus, thar ceann an Údaráis, mo bhúochas a chur in iúl as an obair a rinne bainistíocht agus foireann an Údaráis agus an tiomantas a thaispeáin siad i rith 2020



Sheelagh Malin
Cathaoirleach

2

Ráiteas ón gCathaoirleach

2.1 Comhaltas

Ceapann an tAire Sláinte (“an tAire”) Comhaltaí an Údaráis go ceann téarmaí suas le cúig bliana. Is iad seo a leanas Comhaltaí an Údaráis:



Sheelagh Malin (Cathaoirleach)

Ceaptha 6 Bealtaine, 2010, Athcheaptha 1 Feabhra, 2016


Tá Sheelagh ina Comhalta de Chumann na nAchtúirí in Éirinn. Tá breis agus 25 bliain de thaithí bhainistíochta aici ar thionscal árachais saoil, lena n-áirítear Stiúrthóir Bainistíochta, Stiúrthóir Airgeadais, Oifigeach Comhlíonta, forbairt táirgí agus ról mhargaíochta. Feidhmíonn sí mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách ar roinnt bord cuideachtaí árachais.



An Dr. Fiona Kiernan

Ceaptha 1 Feabhra, 2016

Is Comhairleach in Ainéistéise agus Leigheas Dianchúraim in Ospidéal Beaumont í Fiona, agus tá sí ina Comhalta de Choláiste Ainéistéisithe na hÉireann. Mar aon lena céim leighis, tá Máistreacht aici in Eacnamaíocht, Beartas agus Bainistíocht Sláinte ó Scoil Eacnamaíochta agus Eolaíochta Polaitiúla Londain, agus tá sí ag déanamh staidéir le haghaidh dochtúireachta san Eacnamaíocht leis an Roinn Eacnamaíochta i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Tá léachtaí tugtha aici ar ábhair a bhaineann le leithdháileadh acmhainní agus eacnamaíocht sláinte i gColáiste na hAistéistéise, agus tá cuir i láthair tugtha aici go hidirnáisiúnta ar úsáid chúram sláinte agus rochtain ar chúram sláinte. Baineann a réimsí taighde reatha leis an gcaidreamh idir ioncam agus sláinte in Éirinn, agus le tomhas feidhmíochta an chórais sláinte in ospidéal na hÉireann.



Damien McShane

Ceaptha 24 Meitheamh 2019

Is comhairleoir dlí agus feidhmeannach corparáideach inniúil é Damien a bhfuil taithí shuntasach aige ar leibhéal sinsearach ar fud na hearnála airgeadais. Faoi láthair tá sé ina chomhpháirtí i gceann de phríomhghnólaicthe dlí na hÉireann, agus bhí sé díreach roimhe sin ina bhall de bhord stiúrthóirí i gceann de na bainc thaisceánaigh is mó in Éirinn (agus an banc é féin ina phríomh-fhochuideachta oibríochta den taisceánach is mó ar domhan) agus bhí sé freagrach as a fheidhmeanna cumhdaigh, i measc gníomhaíochtaí eile. Roimhe seo bhí sé ina chomhairleoir dlí don Bhanc Ceannais agus do Aviva, áit a raibh taithí shuntasach aige ar chúrsaí árachais sláinte.

Tá céimeanna aige ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann (UCD), Ollscoil Bhaile Átha Cliath (Coláiste na Tríonóide), Óstaí an Rí, agus Ollscoil Oxford (Coláiste Íosa), agus bronnadh MBA (le gradam) air le déanaí ag Ollscoil Oxford. Is dlíodóir é Damien a ligtear isteach chun cleachtadh in Éirinn (Dlíodóir) agus i Nua Eabhrac (Aturnae, gan a bheith ag cleachtadh), tugann sé léachtaí ag an Institiúid Baincúireachta ar chúrsaí dlí agus rialála, agus gníomhaíonn sé freisin mar iontaobhaí carthanais.



Caroline Barlow

Ceaptha 24 Meitheamh 2019

Tá Caroline ina Comhalta de Chumann na nAchtúirí in Éirinn agus tá os cionn 34 bliain de thaithí aici ar réimse leathan ról a bhaineann le hárachas ginearálta ar an leibhéal RA agus ar an leibhéal Eorpach araon. Tá MA sa Mhatamaitic aici ó Ollscoil Cambridge.

Mar Cheann den Fheidhm Achtúireach ag Zurich Insurance plc go dtí go ndeachaigh sí ar scor in 2018, bhí Caroline freagrach as na riachtanais rialachais a bhaineann leis an bhfeidhm achtúireach a chomhlíonadh, lena n-áirítear tuairim achtúireach bhliantúil agus tuarascáil achtúireach ar neart na gcúlchistí. D'oibrigh sí go dlúth freisin leis na feidhmeanna Riosca agus Airgeadais chun an tSamhail Chaipitil Inmheánach a fhorbairt agus chun an caipiteal sócmhainneachta a theastaíonn a mheas.

Ina gairm bheatha fuair Caroline tuiscint dhomhain ar ghnó árachais agus ar na rioscaí agus na héiginnteachtaí a bhaineann leis, agus tá eolas maith aici ar airgeadas árachais. Trína hobair ag cuideachta mhór árachais dhomhanda, fuair sí tuiscint ar an ngá le rialachas láidir, machnamh neamhspleách agus dúshlán cuiditheach nuair is cuí.



Marcella Flood

Ceaptha 5 Iúil 2019

Is ceannaire gnó í Marcella a bhfuil neart taithe aici, agus í an-ghrinn i gcúrsaí tráchtála, ag obair ar leibhéal Stiúrthóra/ C-Suite le breis agus deich mbliana. Tá taithe fhairsing aici ar straitéisí oibríochta agus teicneolaíochta a shainiú agus a thiomáint, a sholáthraíonn luach do na scairshealbhóirí. Tar éis di cláir athraithe suntasacha a threorú laistigh d'eagraíochtaí corparáideacha domhanda, mar aon le gnólachtaí nuathionscanta a chur ar bun agus a fhorbairt, is gníomhaire athraithe fiontraíochta í Marcella a bhfuil paisean aici maidir le daoine a fhorbairt agus foirne ardfheidhmíochta a chruthú.

Tá Marcella ina Ceann ar Chlaochlú Digiteach ag Allianz Care i láthair na huair, áit a bhfuil sí cuntasach as forbairt agus cur i bhfeidhm na straitéise digití do Allianz Care ar fud an domhain. I measc na ról a bhí aici roimhe ná Stiúrthóir, EMEA Oibríochtaí OEM ag Microsoft. Is Stiúrthóir Cairte í Marcella ó Institiúid Stiúrthóirí RA, agus tá MBA aici ó Choláiste Smurfit, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.



Michael A O Sullivan

Ceaptha 24 Meitheamh 2019

Is iarchathaoirleach é Michael ar Bhord Ospidéal Ollscoile na Trócaire agus bhí sé freisin ar bhord Ghrúpa Ospidéal an Deiscirt/an Iardheiscirt.

Is Innealtóir Sibhialta agus Cuntasóir Bainistíochta Cairte é agus tá MBA aige ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Tá taithe shuntasacha aige ar bhoird stiúrthóirí feidhmiúcháin i ról éagsúla lena n-áirítear airgeadas, pleanáil ghnó agus mar cheann ar ghnó rialailte líonraí fóntais. Sula ndeachaigh sé ar scor ba é Michael an Stiúrthóir Tráchtála Grúpa ag Bord Gáis Éireann, áit a raibh freagracht air mar stiúrthóir feidhmiúcháin as rialáil, pleanáil straitéiseach agus gnóthaí dlí/corparáideacha. Áiríodh ar a chuid freagrachtaí feidhmiúcháin an tionscadal um Oscailt Mhargaidh a threorú, áit a raibh sé ag obair le rialtóir na hearnála agus leis an tionscal chun rialacha a shainiú maidir le margadh iomaíoch gáis a bhunú agus a oibriú in Éirinn.

Tá taithe shuntasacha aige ar idirghníomhú le ranna rialtais agus le rialtóirí in Éirinn, i dTuaisceart Éireann agus san Aontas Eorpach.

Tá Michael ag obair faoi láthair i roinnt ról boird neamhfheidhmiúcháin, lena n-áirítear an Firmus Energy i dTuaisceart Éireann atá faoi úinéireacht phríobháideach, mar a bhfuil sé freisin ina chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus tá sé ina chathaoirleach freisin ar Scéim Pinsin Sochair Sainithe Ervia.



John Armstrong

Ceaptha 5 Iúil 2019

Is achtúire sinsearach agus eacnamaí sláinte é John. Rinne sé a chuid staidéir fochéime i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus a chuid staidéir iarchéime in Ollscoil Georgetown, Washington DC. Rinne sé taighde fairsing ar go leor ábhar um athchóiriú árachais sláinte agus tá nasc ghníomhacha taighde agus teagaisc aige le hOllscoil Erasmus in Rotterdam, an Ísiltír agus leis an Institiúid Riaracháin Phoiblí i mBaile Átha Cliath.

Tá breis agus 25 bliain de thaithe aige ag obair i dtionscal an árachais sláinte. Ina theannta sin, tá comhairle tugtha aige do níos mó ná 20 tír ar ábhair um athchóiriú maoinithe sláinte i mórán áiteanna éagsúla ar fud an domhain, lena n-áirítear athchóiriú ar a n-earnálacha árachais sláinte.

2.2 Bainistíocht

Is iad seo a leanas Bainistíocht an Údaráis:



Laura Brien Uas. Príomhfheidhmeannach/Cláraritheoir

Tháinig Laura Brien isteach sa HIA ón gCoimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) áit a raibh sí ina Stiúrthóir, agus ról éagsúla aici ann a bhaineann le rialáil eacnamaíoch, lena n-áirítear Uisce, Comhlíonadh agus Margaí Fuinnimh. Bhí sí ina comhalta de Bhiúró Líonra Rialtóirí Eacnamaíocha an OECD. Sula ndeachaigh sí isteach sa CRU, bhí sí ina comhairleoir eacnamaíoch sinsearach ag ComReg, rialtóir teileachumarsáide na hÉireann, ó 2012 go 2014.

Níos luaithe ina gairme chuir sí comhairle ar fhóntais, ar rialtais agus ar rialtóirí in earnáil an fhuinnimh i SAM, san Eoraip, san Áise agus sa Mheánoirthear.

Tá céim sa Tráchtáil aici agus Diplóma i Rialachas Corparáideach aici ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, Éire agus M.Phil san Eacnamaíocht ó Ollscoil Oxford, an Ríocht Aontaithe.



Maeve Kearns Uas. Ceann Gnóthaí Corparáideacha/Rúnaí don Údarás

Tá céim Baitsiléara Tráchtála ag Maeve Kearns ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Diplóma i mBainistíocht Acmhainní Daonna ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus is Comhalta de Chuntasóirí Cairte Éireann í. Chuaigh sí isteach san Údarás in 2018 ón ról a bhí aici sa Ghníomhaireacht Airgeadais Tithíochta. Bhí sí ina Ceann Cánach ag StateStreet International Ireland agus bhí sí ag obair tráth in iniúchóireacht seirbhísí airgeadais ag KPMG in Éirinn agus i Nua Eabhrac.



An tUas. Brendan Lynch Ceann na Seirbhísí Taighde/Teicniúla

Is eacnamaí agus atur nae cáilithe é Brendan Lynch. Tá céim Máistir aige san Eacnamaíocht agus Diplóma i nDlí na hEorpa. D'oibrigh sé mar chomhairleoir eacnamaíoch, eacnamaí stocbhróicéara agus mar chomhairleoir eacnamaíoch don Aire Airgeadais.



Joanne George Uas. Ceann na Seirbhísí Rialála

Tá Baitsiléir i Staidéar Achtúireach agus Airgeadais ag Joanne George agus tá sí ina Comhalta de Chumann na nAchtúirí in Éirinn. Sula ndeachaigh sí isteach san Údarás, d'oibrigh Joanne ag cuideachta bainistíochta riosca ilnáisiúnta, bróicéireachta árachais agus cuideachta comhairleach.



Corrinna Nolan Uas. Ceann Airgeadais

Tá Corrinna Nolan ina comhalta de Chuntasóirí Cairte na hÉireann agus d'Institiúid Árachais na hÉireann. Sula ndeachaigh sí isteach san Údarás, d'oibrigh Ms. Nolan laistigh den Rannán Maoirseachta Árachais i mBanc Ceannais na hÉireann, agus bhí ról aici roimhe sin in iniúchóireacht seirbhísí airgeadais ag Deloitte. Freastalaíonn Ms. Nolan freisin mar lontaobhaí ar Bhord carthanais cláraithe.

Tá oifigí an Údaráis Árachais Sláinte suite ag:

Teach Beaux Lane, Sráid Mercer Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, D02 DH60. Glao áitiúil: 1850 929 166

Teil: (01) 406 0080 | Ríomhphost: info@hia.ie | Láithreán gréasáin: www.hia.ie

3

Ráiteas ar Leas an Phobail



Is comhlacht neamhspleách é an tÚdarás Árachas Sláinte a bunaíodh in 2001 chun gnó árachais sláinte príobháideach in Éirinn a rialáil. Bunaíodh an tÚdarás le hOrdú Aireachta an 1 Feabhra, 2001 faoin Acht Árachais Sláinte, 1994 agus oibríonn sé de réir fhorálacha an Achta seo agus na nAchtanna um Árachas Sláinte (Leasú) (“na hAchtanna um Árachas Sláinte” le chéile)¹.

Fís an Údaráis

“A bheith aitheanta mar rialtóir neamhspleách ar mhargadh Árachais Sláinte na hÉireann agus mar fhoinsé údarásach faisnéise agus comhairle air.”

Misean an Údaráis

Is é misean an Údaráis:

“Déanaimid an margadh árachais sláinte a rialáil faoi na hAchtanna Árachais Sláinte. Agus é sin á dhéanamh, déanaimid faisnéis mhargaidh agus taighde gaolmhar a bhailiú, a anailísiú agus a roinnt, ag cinntiú go gcomhlíontar na hAchtanna agus ag cur ar chumas an mhargaidh árachais sláinte oibriú go héifeachtach ar mhaithe le tomhaltóirí, soláthraithe, lucht déanta beartas agus geallsealbhóirí eile.”

Croíluachanna an Údaráis

Ghlac an tÚdarás na luachanna seo a leanas le cur i bhfeidhm ina chuid ghníomhaíochtaí. Is iad a leanas luachanna an Údaráis:

- gníomhú i gcónaí le neamhspleáchas, neamhchlaontacht agus ionracas;
- oibriú ar bhealach gairmiúil agus éifeachtach;
- a bheith ina choimeádaí iontaofa ar shócmhainní atá á mbainistiú aige;
- teagmháil ghníomhach a dhéanamh le tomhaltóirí agus le páirtithe leasmhara eile agus glacadh le smaointe agus moltaí nua ó gach foinse;
- a bheith réamhghníomhach agus nuálach ina chur chuige;
- trédhearcacht a choinneáil ina ghníomhaíochtaí go léir; agus
- meas a bheith aige ar a fhoireann.

Aithníonn an tÚdarás a thábhachtaí agus atá a Fhís, a Mhisean agus a Luachanna maidir le hardchaighdeán a choinneáil agus seirbhís ardcháilíochta a sholáthar, agus tá sé treoirithe ag an méid sin.

HIA – An Obair a Dhéanaimid

Is é seo a leanas forbheathnú ar phríomhfheidhmeanna an Údaráis:

- Déanaimid monatóireacht ar mhargadh an árachais sláinte agus cuirimid comhairle ar an Aire Sláinte ar ábhair a bhaineann le hárachas sláinte;
- Déanaimid monatóireacht ar an gcaoi a gcomhlíonann árachóirí sláinte na hAchtanna Árachais Sláinte agus, nuair is gá, eisimid fógraí forfheidhmithe chun comhlíonadh na nAchtanna a fhorfheidhmiú;
- Feidhmeanna áirithe a chomhlíonadh maidir le dleacht stampa árachais sláinte agus
- creidmheasanna cothromaithe riosca agus maidir leis an scéim comhionannaithe riosca;
- Cuirimid baill an phobail ar an eolas faoina gcearta mar thomhaltóirí árachais sláinte agus seirbhísí árachais sláinte atá ar fáil dóibh; agus
- Coinnímid “An Clár um Ghnóthais Sochair Sláinte” (“an Clár”) agus “An Clár um Chonarthaí Árachais Sláinte”.

Le linn 2018, d’fhorbair an tÚdarás Plean Straitéiseach don tréimhse trí bliana 2019 go 2021 ina leagadh amach an Misean, Croíluachanna, Fís, Spriocanna, Cuspóirí Straitéiseacha, Rioscaí agus Gníomhartha Maolaitheacha. Tá sé mar aidhm ag an Údarás leanúint ar aghaidh lena ról agus a sheirbhísí a neartú de réir a shainchúraim reachtúil, trí réamhphleanáil agus feabhsúchán leanúnach a chur i bhfeidhm.

Tá an Plean ar fáil ar láithreán gréasáin an Údaráis ag <https://www.hia.ie/strategic-plan>

1. Ordú an Achta um Árachas Sláinte, 1994 (Lá an Bhunaithe), 2001 (S.I. Uimh. 40 de 2001).

4

Freagairt do Covid-19



4.1 Margadh Árachais Sláinte Príobháideach

Mar thoradh ar an bpaindéim Covid-19, chinn an Roinn Sláinte agus FSS dul i mbun caibidlíochta maidir le rochtain ar ospidéal phríobháideacha, chun tacú leis an gcóras cúraim sláinte. Mar thoradh ar táthcheangail an Stáit ar ospidéal phríobháideacha ar feadh trí mhí, ó Aibreán go Meitheamh 2020, cuireadh an chuid is mó de chóireálacha roghnacha ospidéal príobháideach ar fionraí le linn na tréimhse. In éineacht le húsáid ospidéal poiblí chun cóireáil a dhéanamh ar bhreiteacht a bhaineann le Covid-19, agus athruithe fóirne agus oibríochta, bhí tionchar na paindéime Covid-19 le feiceáil go soiléir ar an margadh agus laghdú géar ar éilimh ann.

Sa tréimhse sular ghlac FSS seilbh oibríochtaí ospidéal phríobháideach, bhí baint mhór ag an Údarás le díospóireachtaí leis na príomh-árachóirí sláinte príobháideacha lena áirithiú gur chomhlíon siad i gcónaí a n-oibleagáidí faoi na hAchtanna Árachais Sláinte agus gur fhorbair siad cuir chuige chomhsheasmhacha, chomhleanúnacha agus thrédhearcacha chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna a bhaineann le Covid-19 de réir mar a théann siad i bhfeidhm ar ionchais réasúnta sealbhóirí polasaithe.

Rinne na hárachóirí aisíocaíochtaí le sealbhóirí polasaithe mar chúiteamh ar an laghdú ar rochtain ar shaoráidí sláinte príobháideacha. Léirigh anailís HIA go raibh leibhéal na n-aisíocaíochtaí ar aon dul a bheag nó a mhór leis an laghdú ar éilimh árachais don tréimhse.

Bhí éifeachtaí suntasacha eacnamaíochta ag Covid-19 freisin mar gheall ar dhúnadh gnólachtaí le linn na dianghlása, agus tá méadú suntasach tagtha ar an dífhostaíocht. Mar sin féin, tá an t-éileamh ar árachas sláinte fós láidir, agus tá méadú tagtha ar líon na dtomhaltóirí a bhfuil árachas sláinte príobháideach acu i ndáiríre.

4.2 Scéim Comhionannaithe Riosca

I bhfianaise na paindéime Covid-19 agus a chumas dul i bhfeidhm ar mhargadh an árachais sláinte phríobháidí, chinn an Roinn Sláinte an scéim atá ann a leathnú go dtí an 31 Márta 2022. Dheimhnigh an Coimisiún Eorpach i mí na Nollag 2020 nach raibh sé ag cur in aghaidh an Scéim Comhionannaithe Riosca a fhadú go dtí an 31 Márta 2022.

4.3 Rannpháirtíocht i gCoiste an Oireachtais um Fhreagairt do Covid

Rinne an tÚdarás aighneacht chuig Coiste Speisialta an Oireachtais ar Fhreagairt do Covid-19 agus thapaigh sé an deis aird a tharraingt ar na hábhair inní atá ag tomhaltóirí maidir le hiarmhairtí an táthcheangail ar acmhainn ospidéal príobháideach uile in Éirinn ag Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte. Thacaigh an tÚdarás le rogha eile níos réasúnta seachas táthcheangal ospidéal phríobháideach go hiomlán i gcás méaduithe breise i gcásanna Covid-19 trí ospidéal phríobháideacha a thabhairt ar ais go gnáthchleachtas, agus tacú le rochtain FSS ar leapacha in ospidéal phríobháideacha, ar chostas réasúnta i gcás an dara buaic sa víreas. Is é seo an cur chuige a glacadh in Eanáir 2021.

4.4 Tuarascáil don Aire Sláinte

I mí na Nollag 2020, chuir an tÚdarás tuarascáil faoi bhráid an Aire Sláinte ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag Covid-19 ar mhargadh árachais sláinte phríobháidí na hÉireann. Tugadh faoi deara sa tuarascáil go bhfuil an t-ionchas don mhargadh árachais sláinte phríobháidigh agus do thomhaltóirí árachais sláinte phríobháidigh neamhchinnte agus sainaithníodh roinnt gníomhartha chun obair an Údarás a threorú thar thrí théama: (i) bailiú sonraí feabhsaithe ó phríomhpháirtithe leasmhara chun tacú le hanailís bunaithe ar fhianaise, (ii) monatóireacht a dhéanamh ar rannpháirtíocht sa mhargadh agus ar dhearcaí tomhaltóirí agus (iii) feachtas ar chearta tomhaltóirí.

4.5 Coiste Covid-19

Bhunaigh an tÚdarás Coiste chun machnamh a dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag paindéim Covid-19 ar an margadh árachais sláinte agus ar an gCiste Comhionannaithe Riosca agus chun treoir a sholáthar don Údarás chun cabhrú leis maidir lena fheidhmeanna a chomhlíonadh.

4.6 Faisnéis do Thomhaltóirí

Príomhról de chuid an Údaráis is ea a gcearta mar thomhaltóirí a chur in iúl don phobal. Mar thoradh ar an neamhchinnteacht de bharr thionchar eacnamaíoch Covid-19 chomh maith le táthcheangal ospidéal phríobháideach, bhí gá le faisnéis shoiléir dírithe ar thomhaltóirí, rud a chuir an tÚdarás ar fáil tríd an mbeolín chomhairle do thomhaltóirí, trí fhaisnéis Covid-19 do thomhaltóirí ar ár láithreán gréasáin agus trí láithreach mhéadaithe ar raidió áitiúil agus náisiúnta.

Mar thoradh ar imeachtaí agus cruinnithe poiblí a chealú, ní raibh an tÚdarás in ann leanúint ar aghaidh lena chlár imeachtaí a bhí beartaithe.

4.7 Ceisteanna Foirne

Ó thús na paidéime Covid-19, tá foireann an Údaráis ag obair go príomha ón mbaile. Lean an tÚdarás gach treoir ón Rialtas agus ó FSS maidir le bainistíocht Covid-19, lena n-áirítear cosaintí, bearta agus pleananna teagmhais suntasacha a chur i bhfeidhm ina oifig sa chás go mbeadh oibleagáid ar an bhfoireann freastal ar an oifig.

Chinntigh gairmiúlacht agus solúbthacht fhoireann an Údaráis, maidir leis na dúshlán a shárú a cruthaíodh mar gheall ar an athrú ar chleachtais oibre, nár cuireadh isteach ar na seirbhísí a cuireadh ar fáil don phobal. Toisc go bhfuil sábháilteacht agus folláine foirne fíorthábhachtach, ní bheidh an tÚdarás ag athrú na socruithe oibre reatha go dtí go ndéanfar comhairle an rialtais a nuashonrú agus go mbeidh sé sábháilte foireann a bheith ar ais san oifig ar bhonn rialta.


5

**Margadh Árachais
Sláinte Príobháideach**




5.1 Méid an Mhargaidh

Ba é líon na ndaoine árachaithe ag deireadh 2020 sa mhargadh árachais sláinte ná 2.31m (leanaí san áireamh), a bhí comhionann le 46% den daonra. Bhí sé seo 1.8% níos airde ná 12 mhí roimhe sin, in ainneoin an tionchair mhóir eacnamaíochta ó Covid-19 (Féach Aguisín A, Tábla 1). Tá méadú ag teacht ar líon na ndaoine árachaithe ag ó bhí deireadh 2014 ann tar éis an chúlaithe domhain sa tréimhse 2009 go dtí 2012. Tá líon na ndaoine árachaithe anois ag an mbuaicphointe roimhe seo de 2.3m ag deireadh 2008, roimh an gcúlú eacnamaíochta 2008 go dtí 2012, a bhí comhionann le 51% de dhaonra 2008. Tá méadú thart ar 1% in aghaidh na bliana ag teacht ar an daonra ó thús 2015. Is dóichí go mbeidh árachas sláinte ag daoine ó aois 45 go 80 agus tá árachas ag beagán níos mó ban ná atá ag fir.



Tá meán-aois an daonra ag méadú agus tá céatadán an daonra sna cohóirt aoise is sine ag méadú go seasta. Tá éileamh méadaithe ar chúram sláinte mar thoradh air seo. Tá an-éagsúlacht de réir aoise i gcéatadán an daonra a bhfuil árachas sláinte acu. Tá na céatadáin sna haoisghrúpaí is sine ag ardú níos tapa ná an meán. Tá méadú 0.6% in aghaidh na bliana ó bhí 2009 ann ar chéatadán an daonra árachaithe atá níos sine ná 60 bliain d'aois agus ba é 22% an céatadán ag deireadh 2020. Meastar go leanfar leis na treochtaí seo sa mheántéarma.

Is gnách go mbíonn éilimh níos airde in aghaidh an duine árachaithe mar thoradh ar aosú de réir a chéile an daonra árachaithe, a mheastar a bheith ag 2.9% in 2020, gan aird ar mhéaduithe ar chostais a bhaineann le soláthar cúraim sláinte. Tarlaíonn sé seo toisc go mbíonn níos mó éilimh ar chúram sláinte ar dhaoine scothaosta ar an meán.



Ag deireadh na bliana 2020, bhí trí Ghnóthas Ballraíochta Oscailte ag feidhmiú sa mhargadh (Vhi Healthcare, Laya Healthcare² agus Irish Life Health). I mí na Nollag 2020, ba é sciar den mhargadh ag Vhi Healthcare ná 49%, tar éis sciar 95% a bheith acu i lár na 1990í sular osclaíodh an margadh chun iomaíochta. Bhí sciar den mhargadh 27% ag Laya Healthcare agus 20% ag Irish Life Health. Tá comhsciar den mhargadh 4% ag Gnóthais Bhallraíochta Teoranta (*Féach Aguisín A, Tábla 3*).

Tá difríochtaí móra idir sciartha den mhargadh de réir aoiseanna an duine árachaithe, mar atá leagtha amach in Aguisín C. Mar shampla, ag deireadh 2020, sholáthair Vhi Healthcare árachas do 51% den mhargadh, gan gnóthais shrianta san áireamh, agus sholáthair sé árachas do 58% díobh siúd idir 70 agus 79 bliain d'aois, i gcomparáid le 72% ag deireadh na bliana 2014.


Is é an margadh árachais sláinte an margadh árachais neamhshaoil is mó in Éirinn. Ba é an t-ioncam préimhe in 2020 ná € 2.64bn, a bhí níos ísle ná sa bhliain 2019 (€ 2.72bn). B'ionann na trí phríomh-árachóir, Vhi, Laya agus Irish Life Health agus 94% den mhéid seo. Tharla an laghdú ar ioncam préimhe mar gheall ar aisíocaíochtaí suntasacha le custaiméirí mar gheall ar an deireadh le rochtain ar chóireáil príobháideach ospidéal i rith na bliana de bharr na mbeart cúraim sláinte éigeandála ón Rialtas mar thoradh ar an bpaindéim Covid-19. Leis an gciorrú seo laghdaíodh éilimh árachais go suntasach.

5.2 Costas Árachais Sláinte agus Costais Éileamh Cúraim Sláinte

Tháinig laghdú ar mheánmhéid na préimhe in aghaidh an duine árachaithe in 2020 go dtí € 1,142. Mar sin féin, tharla an laghdú seo mar gheall ar na haisíocaíochtaí eisceachtúla a rinneadh in 2020 a bhain le tionchar Covid-19 ar an margadh árachais sláinte. Ba é an meánmhéid a íocadh as préimh árachais sláinte do chlúdach othar cónaitheach in 2019 ná € 1,200, i gcomparáid le € 1,210 in 2018. Tá na figiúirí seo bunaithe ar ollleibhéil phréimhe ach tá éifeacht ísliithe ag préimheanna leanaí agus lascaíní d'aoisigh óga ar an meánfhigiúr.³

Tháinig laghdú freisin ar ráta na n-éileamh a íocadh in aghaidh an duine árachaithe in 2020, rud a léiríonn tionchar Covid-19 ar rochtain ar áiseanna ospidéal. Tugtar ualú 1/3 do leanaí sna ríomhanna seo chun an phréimh is ísle a íoctar a léiriú.

Éilimh a íocadh in aghaidh an duine árachaithe



Mar gheall ar na cúinsí eisceachtúla a tháinig le Covid-19 agus go háirithe ar tháthcheangail stát na n-ospidéal príobháideach ar feadh trí mhí in 2020, laghdaíodh éilimh iomlána a d'íoc na trí phríomh-árachóir (Vhi, Laya, Irish Life Health) go € 1.88bn in 2020, i gcomparáid le € 2.24bn in 2019. Ina theannta sin, íocann na trí ghnóthas ballraíochta srianta is mó thart ar € 100m d'éilimh i mbliain amháin. Ba é miondealú na n-éileamh (le céatadán 2019 idir lúibíní) 14% (12%) d'éilimh othar seachtrach (lena n-áirítear táillí comhairleach d'othair sheachtracha), 19% (19%) do chóireáil ag comhairligh ar othair chónaithe (lena n-áirítear cásanna lae agus nósanna imeachta taobhsheomraí), 46% (48%) ospidéal príobháideacha agus 21% (21%) ospidéal phoiblí.

2. Is idirghabhálaí árachais é Laya Healthcare Ltd a dhíolann na polasaithe árachais sláinte atá frithghéalta ag Elips Insurance Limited, ar gnóthas cláraithe leis an Údarás é. Ní rialaíonn an tÚdarás Laya Healthcare Ltd ach rialaíonn Banc Ceannais na hÉireann é.

3. Laghdaítear na glanphréimheanna a ndéanann árachóirí bille ina leith trí fhaoiseamh cánach ioncain, is é sin 20% den phréimh chomhlán suas go huasmhéid € 200 agus a fhaigheann na hárachóirí go díreach ó na Coimisinéirí Ioncain.

5.3 Forbairtí Táirgí

Ar an 1 Eanáir 2021 shonraigh an tÚdarás 34 cineál conarthaí árachais sláinte a bheith Neamhfhorbartha, i gcomparáid le 31 ar an 1 Eanáir 2020. Tá cineál amháin ar a laghad de chonradh Neamhfhorbartha ag gach ceann de na Gnóthais Bhallaíochta Oscailte. Ar an 1 Eanáir 2021 bhí 282 cineál conarthaí árachais sláinte Forbartha, i gcomparáid le 274 ar an 1 Eanáir 2020.

Seo a leanas roinnt ghnéithe an mhargaidh:

- Ag deireadh 2020, ba chonarthaí Neamhfhorbartha iad 8% de na conarthaí árachais sláinte (faoi réir an ráta dleachta stampa níos ísle), a bhí mar an gcéanna le 2019.
- Bhí beartais ag 10% den daonra árachaithe nár chlúdaigh gach ospidéal poiblí ag deireadh 2020. Tá na beartais seo ag an gceann is saoire den raon ach tá éagsúlacht iontu. Mar shampla, cuireann árachóir amháin na sainospidéal phoiblí ortaipéideacha as an áireamh i gcuid dá bheartais. Cuireann árachóirí eile cuid de na hospidéal phoiblí ghinearálta níos lú ar fud na tíre as an áireamh i roinnt beartais.
- Ar an meán, íocann daoine scothaosta níos mó as árachas sláinte. Íocann iad siúd os cionn 65 bliana d'aois, ar an meán, préimheanna atá 34% níos airde ná na préimheanna a íocann daoine faoi 65 bliana d'aois as gnáth-tháirgí meánleibhéil (beartais a chumhdaíonn ospidéal phríobháideacha do sheomra roinnte). Ar an meán, teastaíonn leibhéal níos fearr clúdach ospidéal uathu i gcomparáid le tomhaltóirí níos óige agus d'fhéadfadh go mbeadh níos mó drogaill orthu pleananna agus/nó árachóirí a athrú.

5.4 Tuairimí Maidir le hÁrachas Sláinte

Rinne an tÚdarás suirbhé, ag baint úsáide as painéal ar líne Kantar, chun tuairimí an phobail i leith árachais sláinte in Éirinn a thomhas, maidir le hinrochtaineacht, préimheanna, athnuachan beartais, íoschlúdach agus an éifeacht atá aige ar an gcóras sláinte poiblí. Léirigh torthaí an tsuirbhé leibhéil arda tacaíochta do bheartais an rialtais atá mar bhunús le comhionannú riosca, lena n-áirítear pobalrátú ar bheartais, rollú oscailte, agus an ceanglas na sochair is lú a thairiscint.

Léiríodh sa suirbhé gur aontaigh triúr as gach ceathrar ar an iomlán gur chóir Árachas Sláinte a chur ar fáil do chách, beag beann ar shláinte nó ar aois.

Aontaíodh go forleathan nár cheart praghsanna préimhe a bheith ag brath ar shláinte reatha an duine, agus is dóichí go n-aontódh freagróirí níos sine leis sin. Léirigh na daoine a ndearnadh suirbhé orthu mothú láidir comhionannais agus cothroime i dtaca le hárachas sláinte - Níor cheart go mbeadh claontacht in aghaidh custaiméirí scothaosta mar gheall ar a n-aois. Bhí leibhéal arda tacaíochta ann do rollú oscailte - mheas beirt as gach triúr gur chóir iallach a chur ar árachóirí sláinte beartais a athnuachan, beag beann ar a n-imthosca, agus dúirt tromlach suntasach freagróirí gur chóir go mbeadh íosleibhéal cumhdaigh ar fáil do gach beartais árachais sláinte.

Mheas triúr as gach cúigear a ndearnadh suirbhé orthu go maolaítear brú ar an gcóras sláinte poiblí trí árachas sláinte príobháideach a bheith ag daoine.

6

Rialáil



6.1 Struchtúr Rialála an Mhargaidh

Tá córas rialála na hÉireann um árachas sláinte príobháideach bunaithe ar an bpríomhphrionsabail de phobalráit, rollú oscailte, cumhdach ar feadh an tsaoil agus sochair íosta. Tá sé mar aidhm leis a áirithiú nach gcosnóidh árachas sláinte príobháideach níos mó dóibh siúd a bhfuil an gá is mó acu. Níl an córas maoinithe, rud a chiallaíonn nach bhfuil aon chiste carntha le linn shaolré an duine árachaithe chun a gcostas éilimh a bhfuiltear ag súil leis a chlúdach. Ina áit sin, déanann gach árachóir an t-airgead a thugann daoine árachaithe a chomhthiomsú agus tógtar costas na n-éileamh in aon bhliain ar leith ó na linnte.

Ciallaíonn pobalráit nach ndéanann an leibhéal riosca a bhíonn ag tomhaltóir áirithe d'árachóir aon difear don phréimh a íoctar. Gearrtar an phréimh chéanna ar gach duine as plean áirithe, beag beann ar aois, inscne agus staid reatha a sláinte nó staid dóchúil a sláinte sa todhchaí, faoi réir eisceachtaí maidir le leanaí faoi 18 mbliana d'aois, lascaíní do bhaill de scéimghrúpaí, daoine fásta óga agus ualaithe pobalráitithe ar feadh an tsaoil.

Ciallaíonn rollú oscailte agus clúdach ar feadh an tsaoil, ach amháin in imthosca an-teoranta a shonraítear sa reachtaíocht, go gcaithfidh árachóirí sláinte glacadh le gach iarratasóir ar árachas sláinte agus ráthaítear go bhfuil sé de cheart ag gach tomhaltóir a gcuid beartas a athnuachan beag beann ar a n-aois nó ar a stádas sláinte.

Faoi na Rialacháin um Shochair Íosta, ní mór go soláthraítear le gach táirge árachais a sholáthraíonn clúdach do chóireáil ospidéal d'othair chónaithe íosleibhéal áirithe sochar a sholáthar. Meastar go bhfuil sé riachtanach an t-íosleibhéal sochar a rialáil mar gheall ar nádúr casta agus speisialaithe táirgí árachais sláinte phríobháidí agus, mura mbeadh rialáil ann, d'fhéadfaí táirgí á soláthar do thomhaltóirí nach soláthraíonn leibhéal cumhdaigh sách cuimsitheach.

Tugadh Pobalráit ar Feadh an tsaoil isteach i margadh árachais sláinte príobháideach na hÉireann ar an 1 Bealtaine 2015 agus leasuithe ann in 2018. Is éard atá i pobalráit ar feadh an tsaoil ná córas trína n-ardaíonn an phréimh a íocann daoine as árachas sláinte leis an aois ina dtéann siad isteach sa mhargadh árachais sláinte príobháideach, ach ní athraíonn sé maidir lena n-aois reatha. Baineann ualáí le daoine atá níos sine ná 34 bliain d'aois agus iad ag glacadh árachas sláinte príobháideach d'othair chónaithe den chéad uair tar éis 30 Aibreán 2015, ach sonraítear sa reachtaíocht imthosca faoina bhféadfaidh duine tréimhsí creidiúnaithe a fháil a d'fhéadfadh laghdú a dhéanamh ar an ualú atá á chur i bhfeidhm.

An Leibhéal Cumhdaigh

Faoin Acht um Árachas Sláinte (Leasú) 2012, cinneann an tÚdarás na cineálacha conarthaí árachais sláinte atá ina gconarthaí Neamhfhobartha, ar a bhfuil na leibhéil níos ísle de chreidmheasanna comhionannaithe riosca agus de thobhaigh phobalráitithe i bhfeidhm, agus áirítear iad sa Chlár Conarthaí Árachais Sláinte. Is éard atá i gconarthaí Neamhfhobartha iad siúd a sholáthraíonn uasmhéid de 66% de chostas iomlán mhuirir ospidéal in ospidéal príobháideach nó méid nach mó ná na híocaíochtaí íosta forordaithe faoi na Rialacháin um Shochair Íosta, cibé acu is mó.

Le linn 2020 bhí an tÚdarás sásta gur conarthaí Neamhfhobartha iad ceithre phlean nua.

6.1.1 Forbairtí Rialála in 2020

Achtaíodh an tAcht Árachais Sláinte (Leasú) 2020 i mí na Nollag 2020. Leasaigh sé an tAcht Árachais Sláinte 1994 mar seo a leanas:

- Chun méid na bpréimheanna atá le híoc ón gCiste Comhionannaithe Riosca i leith aicmí áirithe daoine árachaithe ón 1 Aibreán 2021
- Chun leasú iarmhartach a dhéanamh ar an Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999; agus
- Chun soláthar a dhéanamh i leith ábhar gaolmhar.

Ceanglaítear ar árachóirí a dhíolann conarthaí árachais sláinte le daoine “a bhfuil gnáthchónaí orthu sa Stát” a bheith cláraithe leis an Údarás agus forálacha na nAchtanna Árachais Sláinte a chomhlíonadh. Chinn an tÚdarás go gciallaíonn “gnáthchónaí sa Stát” i leith mac léinn neamh-LEE iad siúd atá ag freastal ar chúrsa staidéir a mhaireann níos mó ná bliain acadúil amháin. Scríobh an tÚdarás chuig roinnt árachóirí in 2016 a bhí an tráth sin ag díol (nó ag smaoineamh ar dhíol) conarthaí den sórt sin chun iad a chur ar an eolas faoin gcinneadh seo. Níor ghlac Chubb European Group Limited leis an gcinneadh seo agus, dá bhrí sin, sheirbheáil an tÚdarás Fógra Forfheidhmithe air i mí an Mhárta 2017.

Bhí imeachtaí dlí ar siúl ar an ábhar seo idir Chubb agus an tÚdarás Árachas Sláinte ó 2017 agus tugadh chun deiridh iad le linn 2020.

Ar an 11 Eanáir 2019 dheonaigh an Breitheamh Burns cead do Chubb gach ceist dlí i mbreithiúnas na hArd-Chúirte a achomharc chun na Cúirte Achomhairc. Tugadh an cás os comhair na Cúirte Achomhairc i mí na Nollag 2019 agus d'éist an Breitheamh Onórach Power, an Breitheamh Onórach Whelan agus an Breitheamh Onórach Murray é. Rinneadh an breithiúnas a fhorchoimeád go dtí an bhliain nua. Ar an 8 Aibreán 2020 tugadh an breithiúnas agus fuarthas go mbíonn mic léinn a thugann faoi chúrsa acadúil níos mó ná bliain amháin ina ngnáthchónaí sa Stát. Tugadh an breithiúnas chun críche ar an 11 Meán Fómhair 2020 agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 2 Deireadh Fómhair 2020.

6.2 Scéim Comhionannaithe Riosca na hÉireann

Is próiseas é comhionannú riosca a bhfuil sé mar aidhm aige aghaidh a thabhairt ar dhifríochtaí i gcostais éilimh árachóirí a thagann chun cinn mar gheall ar éagsúlachtaí i stádas sláinte a gcuid ball. Is éard atá i gceist le comhionannú riosca íocaíochtaí le hárachóirí nó uathu a bhaineann le próifíl riosca a mballraíochta.

Is scéim í Scéim Comhionannaithe Riosca na hÉireann atá deartha chun tacú le cuspóirí foriomlána na nAchtanna Árachais Sláinte, agus is iad a leanas na cuspóirí sin:

- Poblárátú;
- Rollú Oscailte;
- Clúdach ar Feadh an tSaoil
- Oibleagáid árachóirí sochair íosta a chlúdach.

Cuireadh an Scéim Comhionannaithe Riosca (RES) reatha, a bhí infheidhmithe ó 2016 go 2020, in iúl don Choimisiún Eorpach mar Chúnamh Stáit a bhí comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. I mí Feabhra 2016 dúirt an Coimisiún Eorpach nach raibh sé ag cur i gcoinne na scéime cúnaimh curtha in iúl seo.

Tá dhá phríomhfhéidhm ag an Údarás faoin RES. Déanann sé moltaí don Aire gach bliain maidir le leibhéal na gcreidmheasanna iníochta faoin scéim, mar aon leis an dleacht stampa ghaolmhar. Déanann sé bainistíocht freisin ar an gCiste Comhionannaithe Riosca (“REF”), faigheann sé éilimh ó árachóirí agus déanann sé íocaíochtaí ón gCiste.

Is iad seo a leanas príomhghnéithe na Scéime Comhionannaithe Riosca:

- Athraíonn creidmheasanna comhionannaithe riosca atá iníochta i leith préimheanna ar bhonn aoise, inscne agus leibhéal an chumhdaigh. Chun iomaíocht a chosaint, socraítear na creidmheasanna ionas go mbeifear ag súil nach laghdófar an meánchostas éilimh réamh-mheasta d’aon aoisghrúpa a fhaigheann creidmheasanna a bhaineann le haois faoi bhun 125% de mheánchostas glan éileamh réamh-mheasta an mhargaidh.
- Tá creidmheasanna comhionannaithe riosca iníochta freisin maidir le héilimh ospidéal. Go sonrach, tá méid seasta iníochta ón REF as gach seal thar oíche agus cás lae a chaitheann duine árachaithe i gcóiríocht ospidéal phríobháidigh nó in ospidéal maoinithe go poiblí ina bhfuil muirear iníochta faoi Alt 55 den Acht Sláinte 1970 as seal den sórt sin Laghdaíonn sé seo an costas don árachóir maidir le hárachas a thabhairt do dhaoine nach bhfuil chomh sláintiúil.
- Molann an tÚdarás don Aire Sláinte méideanna na gcreidmheasanna comhionannaithe riosca agus méideanna na dtobhach poblárátaithe, bunaithe ar na sonraí éilimh ar an daonra árachaithe agus ar shonraí eile.
- Íocann an tÚdarás creidmheasanna comhionannaithe riosca as an REF leis na hárachóirí. Tugtar aon bharrachais nó easnaimh sa REF ar aghaidh agus ceadaítear iad agus méideanna tobhaigh sa todhcháí á socrú.
- Forchúitíonn an REF costas na gcreidmheasanna trí tobhach poblárátaithe a athraíonn idir leanaí agus daoine fásta agus idir dhá leibhéal cumhdaigh (Forbartha agus Neamhforbartha). Íocann árachóirí íocaíochtaí tobhaigh poblárátaithe leis na Coimisinéirí Ioncaim, a aistríonn an t-airgead ina dhiaidh sin chuig an REF.

6.2.1 Rátaí Comhionannaithe Riosca atá i bhFeidhm in 2020

Tá rátaí na gcreidmheasanna comhionannaithe riosca agus an tobhach poblárátaithe a cuireadh i bhfeidhm ar chonarthaí a thosaigh agus rinneadh iad a athnuachan in 2020 leagtha amach in Aguisín E.

Maidir le beartais ar cuireadh tús leo ón 1 Aibreán 2019 go 31 Márta 2020, socraíodh na creidmheasanna comhionannaithe riosca ionas go mbeadh costas éileamh réamh-mheasta mheán an mhargaidh (glan ar chomhionannú riosca) do gach aoisghrúpa 65-69 agus níos sine níos lú ná nó cothrom le 130% de chostas éileamh réamh-mheasta mheán an mhargaidh. Socraíodh an tobhach poblárátaithe ag an méid a réamh-mheasadh chun na creidmheasanna a mhaoiniú agus is ionann an tobhach do phleananna Neamhforbartha agus 40% den ráta atá i bhfeidhm do na plananna Forbartha.

Maidir le beartais ar cuireadh tús leo ón 1 Aibreán 2020 go 31 Márta 2021, socraíodh na creidmheasanna comhionannaithe riosca ionas go mbeadh costas éileamh réamh-mheasta mheán an mhargaidh (glan ar chomhionannú riosca) do gach aoisghrúpa 65-69 agus níos sine níos lú ná nó cothrom le 130% de chostas éileamh réamh-mheasta mheán an mhargaidh. Socraíodh an tobhach pobalráitithe ag an méid a réamh-mheasadh chun na creidmheasanna a mhaoiniú agus is ionann an tobhach do phleananna Neamhfhobartha agus 35% den ráta atá i bhfeidhm do na pleananna Forbartha.

6.2.1.1 Rátaí Comhionannaithe Riosca atá i bhFeidhm ón 1 Aibreán 2021

Bhí an Scéim Comhionannaithe Riosca le hathnuachan in 2020 agus, dá bhrí sin, ba ghá í a fhógairt don Choimisiún Eorpach lena bhreithmheas faoi rialacháin um Chúnamh Stáit. I bhfianaise na paindéime Covid-19 agus a chumas dul i bhfeidhm ar mhargadh an árachais sláinte phríobháidí, chinn an Roinn Sláinte an scéim atá ann a leathnú go dtí an 31 Márta 2022. Dheimhnigh an Coimisiún Eorpach í mí na Nollag 2020 nach raibh sé ag cur in aghaidh an Scéim Comhionannaithe Riosca a fhadú go dtí an 31 Márta 2022.

Agus a mholtaí á ndéanamh aige ar mhéideanna na gCreidmheasanna Comhionannaithe Riosca agus na dTobhach Pobalráitithe, maidir le beartais ar cuireadh tús leo ón 1 Aibreán 2021, bhí an tÚdarás ag glacadh leis go leathnófaí an Scéim Comhionannaithe Riosca go ceann bliana. Agus a mholadh á dhéanamh aige, chuir an tÚdarás san áireamh an barrachas réamh-mheasta a mheastar a thiofadh chun cinn sa Chiste Comhionannaithe Riosca, a léireodh laghdú ar rátaí ospidéal mar gheall ar Covid-19 do 2020, rud a laghdaigh dleacht stampa don tréimhse ón 1 Aibreán 2021.

Cuireadh na rátaí a bhí i bhfeidhm ón 1 Aibreán 2021 i bhfeidhm san Acht Árachais Sláinte (Leasú) 2020 agus tá siad leagtha amach in Agusín E. Socraíodh na creidmheasanna sin ionas go mbeadh costas éileamh réamh-mheasta mheán an mhargaidh (glan ar chomhionannú riosca) do gach aoisghrúpa 65-69 agus níos sine níos lú ná nó cothrom le 133.5% de chostas éileamh réamh-mheasta mheán an mhargaidh.

Socraíodh an tobhach pobalráitithe ag an méid a réamh-mheasadh chun na creidmheasanna a mhaoiniú agus is ionann an tobhach do phleananna Neamhfhobartha agus 35% den ráta atá i bhfeidhm do na pleananna Forbartha.

6.2.2 Measúnú Róchúitimh

Ceanglaítear ar an Údarás freisin a mheas an ndéanann an Scéim Comhionannaithe Riosca róchúiteamh ar aon árachóir. Gach bliain, déanann an tÚdarás measúnú ar cé acu an raibh aon árachóir róchúitithe ag an scéim comhionannaithe riosca, rud a chuireann ar a gcumas níos mó ná brabús réasúnta a thuilleamh. Tá an measúnú maidir le cé acu an bhfuil róchúiteamh mar thoradh ar an Scéim Comhionannaithe Riosca 2016 - 2020 bunaithe ar cé acu an sáraíonn Toradh glan ar Dhíolacháin tairbhí comhlán d'athárachas agus gan gníomhaíochtaí infheistíochta a áireamh 4.4% in aghaidh na bliana, arna ríomh ar bhonn rollach trí bliana. Má chinneann an tÚdarás faoi na hAchtanna Árachais Sláinte go ndearnadh róchúiteamh ar árachóir (atá mar thairbhí glan den scéim comhionannaithe riosca), ní mór don Údarás dréacht-tuarascáil a eisiúint chuig an árachóir. Ina dhiaidh sin cuirfidh an tÚdarás aon aighneachtaí a fuarthas ón árachóir sin san áireamh sula ndéanfaidh sé cinneadh críochnaitheach maidir le róchúiteamh, a chuirtear ar fáil don Aire Sláinte. Ní mór d'árachóir a ndearnadh cúiteamh air méid an róchúitimh a aisíoc leis an REF.

Don tréimhse 2017 go 2019, an dá bhliain sin san áireamh, rinne an tÚdarás meastóireacht agus anailís ar an bhfaisnéis a chuir na trí rannpháirtí san RES ar fáil dó agus rinne sé cinneadh nach raibh an glantairbhí róchúitithe mar thoradh ar an scéim comhionannaithe riosca.

6.2.3 An Scéim Comhionannaithe Riosca

Tá an tÚdarás freagrach as an gCiste Comhionannaithe Riosca ("REF") a riar agus a chothabháil, rud a bunaíodh in 2013 faoin Acht Árachais Sláinte (Leasú) 2012. Cuireann na hárachóirí cláraithe éilimh agus tuairisceáin chreidmheasa comhionannaithe riosca faoi bhráid an Údaráis. Déanann an tÚdarás na héilimh sin a bhailíochtú agus déanann sé na héilimh iníoctha a chinneadh. Nuair a bhíonn an tÚdarás sásta go bhfuil na creidmheasanna comhionannaithe riosca a éilítear dlite i gceart do ghnóthas, socraíonn an tÚdarás íocaíocht den mhéid dlite ón REF. B'ionann na híocaíochtaí a rinneadh in 2020 maidir le creidmheasanna REPC agus HUC agus € 741 milliún. B'ionann an dleacht stampa a íocadh isteach sa chiste in 2020 agus € 774m.

Ar bhonn bliantúil, déanann an tÚdarás iniúchadh ar gach ceann de na gnóthais chláraithe chun a áirithiú go gcomhlíontar rialacháin an REF. Léirigh iniúchadh a rinne an tÚdarás in 2020 go bhfuil córais, nósanna imeachta agus rialuithe maithe i bhfeidhm ag na gnóthais chláraithe maidir le REPC agus HUC. Ina ainneoin sin, d'aithin an tÚdarás 3 thoradh agus moltaí.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim an tobhach pobalráitithe mar dhleacht stampa ó ghnóthais chláraithe ar bhonn ráithiúil. Tá sé dlite an 21ú lá den dara mí tar éis dheireadh gach ráithe. Ina dhiaidh íocann na Coimisinéirí Ioncaim méid an tobhaigh ráithiúil isteach i gcuntas reatha an REF. Úsáidtear na cistí seo ansin chun na creidmheasanna atá dlite faoin Scéim Comhionannaithe Riosca a íoc.

Fostaíonn an tÚdarás comhairligh iniúchta inmheánacha chun athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar nósanna imeachta an Údaráis maidir leis an REF a riar. Ullmhaítear cuntais bhainistíochta agus cuirtear faoi bhráid Chomhaltaí an Údaráis iad ar bhonn míosúil. In 2020, ní raibh aon torthaí iniúchta inmheánaigh maidir leis an gCiste Comhionannaithe Riosca a riar.

6.3 An Clár um Ghnóthais Sochar Sláinte

Tá dhá chineál gnóthas árachais sláinte in Éirinn. Is árachóirí sláinte iad Gnóthais Bhallraíochta Oscailte a chaithfidh glacadh le gach custaiméir ar mian leo árachas sláinte príobháideach a fháil (faoi réir srianta teoranta áirithe mar a shonraítear sa reachtaíocht). Scéimeanna gairme den chuid is mó atá i nGnóthais Bhallraíochta Teoranta, a bhfuil a mballraíocht teoranta acu d'fhostaithe eagraíochtaí áirithe. Tá cosc ar Ghnóthas Ballraíochta Teoranta nua a bhunú.

Ceanglaítear ar aon árachóir sláinte a reáchtáilann gnó árachais sláinte in Éirinn clárú leis an Údarás agus deimhniú a fháil uaidh, ar bhonn bliantúil. In 2020, chláraigh 11 árachóir leis an Údarás.

6.4 An Clár na gConarthaí Árachais Sláinte

Tá an tÚdarás freagrach as “Clár na gConarthaí Árachais Sláinte” a chothabháil. Deirtear in Alt 7AC den Acht Árachais Sláinte 1994 go mbeidh an Clár i cibé foirme agus go mbeidh cibé sonraí ann a bhaineann le haon chineál conartha árachais sláinte atá á thairiscint sa Stát a d'fhéadfadh a bheith sonraithe ag an Údarás. Tá ábhar an Chláir ar fáil lena iniúchadh ar láithreán gréasáin an Údaráis ag: <http://www.hia.ie/consumer-information/register-of-health-insurance-contracts> nó ag oifigí an Údaráis.

6.5 Fógra Táirgí

Ceanglaítear ar ghnóthais chláraithe samplaí de gach conradh nua nó athbhreithnithe a chur faoi bhráid an Údaráis, tráth nach déanaí ná 30 lá sula dtairgtear táirge den sórt sin ar dtús, lena áirithiú nach bhfuil siad contrártha leis na hAchtanna Árachais Sláinte.

Coinneoidh gnóthas gach tairiscint go ceann tréimhse nach lú ná 60 lá ar na téarmaí agus na coinníollacha céanna agus caithfear an táirge a thairiscint go ceann tréimhse 12 mhí mura bhfuil cúis mhaith agus leordhóthanach ann le téarma difriúil.

Chuir árachóirí 746 sampla de chonarthaí nua/athbhreithnithe faoi bhráid an Údaráis in 2020 (2019: 1,339).

7

Leas an Tomhaltóra



7.1 Ceisteanna agus Gearáin ó Thomhaltóirí

Is é ceann de phríomhfheidhmeanna an Údarás feasacht an phobail a ardú ar a gcuid ceart mar thomhaltóirí árachais sláinte agus seirbhísí árachais sláinte atá ar fáil dóibh.

Tá sé mar aidhm ag an Údarás feasacht na dtomhaltóirí ar a gcearta a mhéadú agus cabhrú leo táirgí árachais sláinte a thuiscint. Déanann an tÚdarás monatóireacht freisin ar sholáthar faisnéise do thomhaltóirí ag árachóirí chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na nAchtanna Árachais Sláinte.

7.1.1 Faisnéis do Thomhaltóirí

Oibríonn an tÚdarás seirbhís faisnéise do thomhaltóirí, ar an teileafón agus ar ríomhphost. Cabhraíonn sé le tomhaltóirí trí cheisteanna a fhreagairt maidir le hárachas sláinte agus trí chabhrú leo díospóidí le hárachóirí a réiteach. In 2020 ba é méid na gceisteanna agus na ngearán a fuair an tÚdarás ná 3028 teagmháil (2019: 2790). Ba iad seo a leanas na hábhair ba mhinice a ardaíodh leis an Údarás:

- Iarratais ar chomparáidí idir táirgí árachais sláinte;
- Ag aistriú isteach sa tír/amach as an tír
- Pobalráit ar Feadh an tSaoil;
- Ceisteanna a bhaineann le tréimhsí feithimh
- Cearta maidir le hárachóirí a athrú

Mar thoradh ar COVID-19 ní raibh an tÚdarás in ann páirt a ghlacadh in imeachtaí poiblí

Le linn 2020, rinne an tÚdarás idirghabháil rathúil thar ceann tomhaltóirí maidir le saincheisteanna a d'éascair faoina n-árachas sláinte. Tá dhá shampla de chásanna ar thug an tÚdarás aghaidh orthu leagtha amach thíos.

7.1.2 Cás-staidéar 1

Chuaigh tomhaltóir i dteagmháil leis an údarás chun an t-ualú phobalráitithe ar feadh an tsaol a fuair siad óna sholáthraí a cheistiú. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an ualú a fuarthas, ba chosúil nár cuireadh stair iomlán an bhaill san áireamh. Chuaigh an tÚdarás i dteagmháil leis an árachóir chun miondealú ar an ríomh a iarraidh agus chun a dhearbhu an raibh a stair iomlán árachais sláinte curtha san áireamh.

Tar éis athbhreithnithe a rinne an t-árachóir, dheimhnigh siad go ndearnadh earráid agus nár bronnadh creidmheas iomlán ar gach tréimhse de chlúdach roimhe seo agus an t-ualú pobalráitithe (LCR) ar feadh an tsaol á ríomh. Nuashonraíodh é seo agus léiríonn creidmheasanna LCR an bhaill a stair iomlán árachais sláinte anois.

7.1.3 Cás-staidéar 2

Bhí cruthúnas cumhdaigh ag teastáil ó thomhaltóir ó árachóir a d'fhág margadh árachais sláinte príobháideach na hÉireann. Bhí deacrachtaí ag an tomhaltóir an cruthúnas seo a fháil agus mar sin chuaigh siad i dteagmháil leis an Údarás. Chuamar i dteagmháil leis an árachóir a bhfuil rochtain aige fós ar thaifid an iar-árachóra atá i gceist agus tar éis teagmháil a dhéanamh leo cuireadh ceist na dtomhaltóirí chun deiridh go sásúil.

7.2 Uirlis um Chomparáid Praghsanna

Soláthraíonn láithreán gréasáin an Údarás Árachais Sláinte (www.hia.ie) raon d'fhaisnéis neamhspleách do thomhaltóirí ar shaincheisteanna árachais sláinte a thabharfaidh freagra ar a gcuid ceisteanna go léir agus a thabharfaidh an fhaisnéis a theastaíonn uathu chun an cinneadh is fearr a dhéanamh dóibh féin agus dá dteaghlach.

Cuireann uirlis chuimsitheach an HIA um chomparáid phleananna, atá inrochtana ar a láithreán gréasáin, ar chumas tomhaltóirí na pleananna is oiriúnaí dá gcúinsí a roghnú agus sochair agus praghsanna pleananna a chur i gcomparáid taobh le taobh. Soláthraíonn an uirlis um chomparáid sonraí faoi gach plean atá ar an margadh, rud a chuireann ar chumas tomhaltóirí pleananna a chur i gcomparáid ar bhonn praghsais, leibhéal an chumhdaigh, barrachais agus raon sochar eile. Is féidir le tomhaltóirí suas le ceithre phlean a chur i gcomparáid ag céim ar bith, agus is féidir leo an

láithreán gréasáin a bhrabhsáil ar ilghléasanna, lena n-áirítear fón, ríomhaire glúine nó ríomhaire deisce.

In 2020, fuarthas 236,535 cuairt san iomlán ar ár láithreán gréasáin. Tháinig 80% de na cuairteanna seo ó dhaoine a thug cuairt ar ár láithreán den chéad uair ós rud é gur thug ár ngníomhaíochtaí feachta poiblí teachtaireachtaí an HIA chuig lucht féachana nua. Thug 78% de chuirteoirí ar an láithreán gréasáin cuairt ar leathanaigh na huirlise um chomparáid agus ba iad na leathanaigh is mó a raibh tóir orthu ná ceisteanna coitianta, do phlean árachais sláinte a chealú, pobalráit ar feadh an tsaol mínithe agus soláthraí plean árachais sláinte a athrú. Chaith tomhaltóirí 3 nóiméad 12 soicind ar an meán ar ár láithreán.

7.3 Fógraíocht

Rinne an HIA feachtas feachta poiblí seacht seachtaine i rith 2020 a bhí dírithe orthu siúd idir 35-55 bliana d'aois, le meabhrú do thomhaltóirí gur foinse faisnéise neamhspleách iontaoifa é an HIA maidir le hárachas sláinte príobháideach. Is éard a bhí san fheachtas meascán d'fhógraí raidió, taispeánt dhigiteach, físeán ar chainéil shóisialta, cuardach íoctha agus fógraí urraithe Gmail chun tomhaltóirí a bhaint amach.

Bhí fógraíocht teilifíse mar bhunchloch den fheachtas. Rith an fógra teilifíse 30 soicind ar feadh 7 seachtaine agus shroich sé 57% de na daoine fásta go léir 5 huairé ar a laghad. Taispeánadh na fógraí ar fud na gcainéal go léir, lena n-áirítear míreanna príomh-ama ar Nuacht Six One, seó Claire Byrne agus Cluiche Ceannais na hÉireann. Thairg an méadú ar an tóir a bhí ar sheirbhísí sruthaithe amhail Netflix nó seinnteoir RTÉ deis eile chun idirghníomhú le tomhaltóirí, a bhí ag caitheamh níos mó ama sa bhaile ag sruthú seónna le linn glasála.

Ag cur le rath fheachtas raidió na bliana seo caite, chuala 67% dár spriocghrúpa ár bhfógra 5 huairé ar a laghad. Mhéadaigh feachtas na bliana seo raon na stáisiún ar a raibh na fógraí, agus áiríodh ann fógraí ar phodchraoltaí agus ar Spotify.

Áiríodh san fheachtas comhpháirtíocht leis an Irish Times/Irish Examiner a thug deis dúinn teachtaireacht níos mionsonraithe a sheachadadh do thomhaltóirí i sraith alt agus bhí feachtas sna meáin shóisialta ag gabháil leis chun trácht a threorú chuig an láithreán gréasáin.

Is féidir rath an fheachtas a fheiceáil tríd an méadú ar ghlaonna tomhaltóirí agus ar chuirteanna ar an láithreán gréasáin. Tháinig méadú faoi dhó ar ghlaonna tomhaltóirí le linn na tréimhse seo i gcomparáid leis an tréimhse chéanna anuraidh agus ar chuirteanna ar an láithreán gréasáin freisin.

7.4 Na Meáin Shóisialta

Ní bhíonn rochtain ar na meáin shóisialta a thuilleadh ar ríomhairí glúine amháin ach ag daoine ar a bhfóin agus ar a dtáibléid i ngach staid agus ag am ar bith. Bíonn Twitter, Facebook agus Instagram ann i gcónaí agus soláthraíonn siad bealach costéifeachtach chun tomhaltóirí a bhaint amach trí fhógraíocht leanúnach. Lean an tÚdarás de láithreach mheán sóisialta a thiomáint i rith 2020, trí fhógraíocht spriocdhírthe, poist urraithe, agus comhpháirtíochtaí le foinsí nuachta ar líne. Lean feachtas na bliana seo de chur leis an móiminteam dearfach a cruthaíodh ar na meáin shóisialta i bhfeachtas na bliana roimhe sin agus breis is 1 mhilliún amharc ar fhíseán Hunter the Cat agus láithreach mhéadaithe don HIA ar Twitter, Facebook agus Instagram.

8

Gnóthaí Corparáideacha



8.1 Rialachas Corparáideach

8.1.1 An Cód Cleachtais um Rialachas Corparáideach

Comhlíonann an Cód Cleachtais um Rialachas an Údaráis Árachais Sláinte an Cód Cleachtais athbhreithnithe do Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) (an “Cód”) a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Meán Fómhair 2016.

8.1.2 Eitic in Oifigí Poiblí

Tá an tÚdarás san áireamh in Ionstraim Reachtuil Uimh. 699 de 2004 chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. Tá a gcuid oibleagáidí faoin reachtaíocht seo comhlíonta ag Comhaltaí an Údaráis agus ag an bhfoireann ábhartha.

8.1.3 Nochtadh Cosanta

De réir Alt 21 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 tá nósanna imeachta bunaithe agus coinnithe ag an Údarás d’fhostaithe reatha nó d’iarfhostaithe chun nochtuithe cosanta a dhéanamh i ndáil leis an Údarás agus lena chuid oibre agus chun déileáil le nochtuithe den sórt sin. Tá faisnéis i scríbhinn maidir leis na nósanna imeachta seo curtha ar fáil do gach fostaí. Is féidir beartas an Údaráis a fháil ar a láithreán gréasáin ag <https://www.hia.ie/about-us/governance>.

Maidir le 2020 rinneadh nochtadh amháin leis an Údarás faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014.

8.1.4 Cearta an Duine agus Comhionannas

De réir Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 tá nósanna imeachta bunaithe ag an Údarás, agus coinníonn sé na nósanna imeachta sin, chun deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna na ndaoine a úsáideann seirbhísí an Údaráis, daoine a dtéann a bheartais i bhfeidhm orthu agus daoine fostaithe ag an Údarás a chosaint.

Maidir le 2020, ní dhearnadh aon nochtuithe don Údarás faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

8.1.5 Teangacha Oifigiúla

Comhlíonann an tÚdarás reachtaíocht na dTeangacha Oifigiúla agus coinníonn sé teagmháil leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus na Gaeltachta ina leith sin.

Dhréachtaigh an tÚdarás a chéad Scéim Ghaeilge faoi Alt 11 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Foráiltear le hAlt 11 go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim reachtuil ina sonraítear na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil:

- trí mheán na Gaeilge;
- trí mheán an Bhéarla; agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla.

D’fhorbair an tÚdarás an Scéim ag féachaint do na Treoirínte a ullmhaíodh faoi Alt 12 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Dheimhnigh Aire na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta an dara Scéim Teanga 2020 - 2023 ón Údarás Árachas Sláinte, agus tháinig sí i bhfeidhm ar an 1 Deireadh Fómhair 2020. Leagtar amach sa Scéim na bearta atá le glacadh chun a áirithiú maidir le roinnt seirbhísí nach soláthraítear trí mheán na Gaeilge go gcuirfead ar fáil iad trí mheán na Gaeilge laistigh den chreat ama comhaontaithe. Tá an Scéim ar fáil ar láithreán gréasáin an Údaráis ag <https://www.hia.ie>

8.1.6 Saoráil Faisnéise agus Ceisteanna Parlaiminte

Leanann an HIA lena oibleagáidí a chomhlíonadh maidir leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. In 2019, fuair an HIA ceithre iarratas um Shaoráil Faisnéise. Ceadaíodh na ceithre cinn i bpáirt. Chuir an tÚdarás faisnéis ar fáil freisin maidir le dhá cheist pharlaiminte.

8.1.7 Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

Ullmhaíodh na Cuntais Bhliantúla do 2020 don Údarás Árachas Sláinte agus don Chiste Comhionannaithe Riosca (arna riar ag an Údarás) agus cuireadh faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (“an C&AG”) iad lena n-iniúchadh. Rinne an oifig sin na Cuntais seo a iniúchadh agus a fhaomhadh agus tá siad leagtha amach i gCuid 5 den Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais seo.

8.1.8 Iniúchadh Inmheánach

Tá feidhmeanna an Údaráis leagtha amach in Alt 21(1) de na hAchtanna Árachais Sláinte. Bhunaigh an tÚdarás Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (ARC) arb é a fheidhm tacú leis an Údarás maidir lena fhreagracht as saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus as árachas gaolmhar.

Bhuail an ARC le chéile ceithre huairé in 2020. Is féidir comhaltas agus freastal ar chruinnithe an Choiste Iniúcháireachta & Riosca i rith 2020 a fháil sa Ráiteas Rialachais atá sna Cuntais atá leagtha amach i gCuid 5 den Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais seo. Chomhaontaigh an ARC clár iniúchtaí inmheánacha agus le linn 2020 d’ordaigh an Coiste go ndéanfadh BDO, iniúcháirí inmheánacha ceaptha an Údaráis, roinnt iniúchtaí thar a cheann. Rinne na hiniúcháirí inmheánacha iniúchtaí ar leithligh ar na rialuithe airgeadais inmheánacha don Údarás Árachas Sláinte agus don Chiste Comhionannaithe Riosca, ar Chibearshlándaíl agus athbhreithniú ar an gCreat chun Tuairisceáin Faisnéise a Bhainistiú. Cuireadh tuarascálacha ar gach iniúchadh ina raibh tuairiscí iniúchta, torthaí iniúchta agus tuairimí bainistíochta faoi bhráid an ARC agus an Údaráis. Bhuail an ARC leis na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha i rith na bliana. D’ullmhaigh feidhmeanna an Údaráis pleananna gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí iniúchta agus rinne an ARC monatóireacht orthu siúd.

Rinne an ARC maoirseacht ar na ráitis airgeadais bhliantúla agus ar an mbeartas cuntasáíochta, bainistíocht riosca, rialuithe inmheánacha agus saincheisteanna maidir le luach ar airgead.

8.2 Bainistíocht Riosca

Tá an tÚdarás, agus é ag tabhairt faoina ról agus a fheidhmeanna, nochtaithe do rioscaí éagsúla straitéiseacha, oibríochta agus airgeadais. D’fhéadfadh na rioscaí seo teacht chun cinn ó fhoinsí inmheánacha nó seachtracha agus d’fhéadfadh siad cosc a chur ar chumas an Údaráis a chuspóirí a bhaint amach, nó dul i gcion go mór orthu. Féachann an tÚdarás le rioscaí a bhainistiú agus a mhaolú a d’fhéadfadh dul i bhfeidhm ar a chumas a fheidhmeanna agus a chuspóirí a chomhlíonadh agus a bhaint amach go héifeachtach.

Tá beartas bainistíochta riosca cuimsitheach i bhfeidhm ag an Údarás agus próisis bhainistíochta riosca gaolmhara a oibríonn ar fud na heagraíochta. Is ar Bhord an Údaráis atá an fhreagracht deiridh as córas rialaithe inmheánaigh an Údaráis, lena n-áirítear bainistíocht riosca. Tá an Bord freagrach as beartas bainistíochta riosca na heagraíochta a cheadú, lena n-áirítear inghlacthacht riosca, agus as monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais fhoriomlán bainistíochta riosca. Tá freagrachtaí ar an mbainistíocht agus ar an bhfoireann, ar an bPríomhoifigeach Riosca agus ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca as gealltanais bheartas riosca an Údaráis a chomhlíonadh. Aithníonn an clár riosca príomhrioscaí don eagraíocht.

Tugtar achoimre thíos ar phríomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí an Údaráis, amhail mí na Nollag 2020.

- Tá an Scéim Comhionannaithe Riosca mar bhonn agus taca leis an margadh árachais sláinte príobháideach pobalráitithe agus tacaíonn sí le príomhchuspóir an Údaráis. Aithníonn an tÚdarás na rioscaí suntasacha seo a leanas i gcomhar le hoibriú na Scéime Comhionannaithe Riosca.
 - Ní mór an Scéim Comhionannaithe Riosca (RES), a bheidh infheidhmithe ó 2022 go 2026, a chur in iúl don Choimisiún Eorpach mar Chúnamh Stáit a bhí comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an tÚdarás ag obair go dlúth leis an Roinn Sláinte chun cabhrú le próiseas ceadaithe an AE.
 - Féachfaidh an Scéim Comhionannaithe Riosca 2022 go 2026 le Linn Éilimh Ardchostais a ionchorprú. Tugtar aghaidh ar an bhféidearthacht go mbeadh moill ar chur i bhfeidhm an HCCP, chomh maith leis na deacrachtaí oibríochta a bhaineann le riar na scéime ag an Údarás, leis an Roinn Sláinte agus tá an méid sin fós ina riosca ard ar an gClár Riosca.
 - Maolaítear an riosca a bhaineann le tearcsholáthar/rósholáthar don Chiste Comhionannaithe Riosca trí chomhairle achtúireach sheachtrach a úsáid, comparáid le sócmhainní HUC a bhaineann le hárachóirí, agus tá an méid dá bhforáiltear faoi réir iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh.

- Maolaítear an riosca d'oiriúnacht na mbreithiúnas a úsáidtear chun toimhdí agus modheolaíocht réamh-mheastacháin a shocrú sa Scéim trí athbhreithniú comhairleach seachtrach a úsáid ar bhonn bliantúil.
- Féachann an tÚdarás leis an riosca a bhaineann le cailleadh tacaíochta poiblí don Scéim Comhionannaithe Riosca a mhaolú trí chomhairliúcháin phoiblí a úsáid maidir le haon athruithe ar an scéim, chomh maith le hiarracht a dhéanamh tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi na buntáistí a bhaineann le margadh pobalráitithe, lena n-áirítear faisnéis a nuashonrú do thomhaltóirí ar láithreáin ghréasáin agus i leabhráin, agus suirbhéanna ar thomhaltóirí a úsáid chun meon an phobail agus tacaíocht do phobalráitú a thomhas.
- Tá freagracht ar an Údarás tomhaltóirí a chur ar an eolas faoina gcearta. Mar gheall ar an líon mór roghanna beartais atá ar fáil do thomhaltóirí, i dteannta le rialacháin chasta amhail Pobalráitú ar Feadh an tSaoil agus tábhacht na Scéime Comhionannaithe Riosca mar thacú leis an margadh pobalráitithe, méadaítear an baol nach mbeidh tuiscint imleor ag tomhaltóirí ar chlúdach árachais sláinte. Le torthaí taighde, lena n-áirítear tuairisceáin faisnéise, suirbhéanna ar thomhaltóirí agus anailís ar na glaonna a fhaightear ar an líne chomhairle do thomhaltóirí, cuirtear an tÚdarás ar an eolas faoi na réimsí ina mbíonn sé deacair ar dhaoine iad a thuiscint. Chun an riosca seo a mhaolú, tá infheistíocht déanta ag an Údarás i bhfeachtas fairsing faisnéise, lena n-áirítear fógraíocht, comhpháirtíochtaí nuachtáin, láithreachtaí na meán sóisialta agus agallaimh raidió chomh maith le leabhráin faisnéise agus trí Cheisteanna Coitianta a sholáthar ar ár láithreán gréasáin, lena n-áirítear faisnéis faoi phaindéim COVID-19.
- Tá an tÚdarás ag brath ar theicneolaíocht chun seachadadh ár bhfeidhmeanna a éascú. Tá rioscaí ag an Údarás a bhaineann le héifeachtacht oibríochtúil agus rochtain agus eispéireas úsáideoirí seirbhíse mar gheall ar fheidhmiúlacht láithreáin ghréasáin atá ag dul in aois agus bonneagar nua á fhorbairt, agus riosca do leanúnachas gnó an Údarás dá gcuirfeadh cibearghníomhaíocht mhaílíseach isteach air seo. Chun na rioscaí seo a mhaolú ghlac an tÚdarás bearta chun a áirithiú go ndéantar nuashonruithe leanúnacha agus tástáil leanúnach ar chórais, go mbunaítear plean leanúnachais gnó, agus go bhfuil bogearraí frithviris agus bonneagar cibearshlándála i bhfeidhm. Tá clár feasachta agus oiliúna úsáideoirí slándála curtha i gcrích ag an bhfoireann go léir.
- Fostaíonn an tÚdarás aon bhall foirne déag. Téann plean comharbais an Údarás agus infhaighteacht soláthraithe seirbhíse seachtracha i ngleic leis an riosca dá bharr ar éifeachtúlacht oibríochtúil leanúnach i gcás go gcaillfí príomhphearsanra.
- Tá an tÚdarás ag fanacht le deimhniú ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) d'fhonn soiléireacht a fháil ón Roinn sin maidir le dliteanais phinsin a mhaoiniú do Scéim Aoisliúntais an Údarás. Tá an t-Údarás ag déanamh na n-asbhaintí riachtanacha ó thuarastail a choinníonn an tÚdarás, ach nach n-aithnítear mar ioncam. Tá foráil á dhéanamh ag an Údarás freisin maidir le ranníocaíochtaí fostóirí leis an Scéim. Tá an riosca ann go mbeidh an cheist seo gan réiteach san áireamh i gClár Riosca an Údarás.
- Is é príomhchuspóir an Údarás lena áirithiú, ar mhaithe leis an leas coiteann agus ar fud an mhargaidh árachais sláinte, go bhfuil rochtain ar chlúdach árachais sláinte ar fáil do thomhaltóirí seirbhísí sláinte gan aon difreáil a dhéanamh eatarthu. Tugann an tÚdarás aghaidh ar an riosca go ndéanfaidh árachóirí sláinte an margadh a deighilt, trí fhorbairt leanúnach na Scéime Comhionannaithe Riosca, agus trí fheidhm chearta tomhaltóirí an Údarás.
- Sa chás Chubb a tháinig chun deiridh i mí Dheireadh Fómhair 2020, leagadh béim ar an riosca de neamh-chomhlíonadh suntasach reachtaíochta árachais sláinte ag árachóir neamhchláraithe nó ag eintiteas gaolmhar.
- Tarraingíodh aird ar thionchar laige sa gheilleagar ar mhargadh an árachais sláinte le linn na paindéime COVID-19. Leanann an tÚdarás le monatóireacht a dhéanamh ar an éifeacht ar an margadh trinár bhfeidhm taighde, agus coinníonn sé an riosca seo ar a Chlár Riosca.

8.3 Straitéis Chumarsáide

Oibríonn an tÚdarás beartas oscailteachta, comhairliúcháin agus díospóireachta le páirtithe leasmhara ábhartha. Fáiltíonn an tÚdarás roimh chumarsáid le tomhaltóirí, le geallsealbhóirí agus le páirtithe leasmhara eile maidir le seirbhís rialála a sholáthar agus i gcur i gcrích a fheidhmeanna.

Le linn 2020, d'úsáid feachtais chumarsáide an Údarás gníomhaíochtaí caidrimh phoiblí spriocdhírithé agus fógraíocht chun feasacht a mhúscailt i measc tomhaltóirí an HIA mar fhoinsé faisnéise neamhspleách iontaofa i ndáil le hárachas sláinte príobháideach.

Seo a leanas na príomhghníomhaíochtaí cumarsáide:

- Faisnéis Covid-19 a fhoilsiú do Thomhaltóirí ar láithreán gréasáin HIA
- Feachtas feasachta poiblí seacht seachtaine i rith 2020 ina raibh meascán d'fhógraí raidió, taispeáint dhigiteach, físeán ar chainéil shóisialta, cuardach íoctha agus fógraí Gmail urraithe chun feasacht a mhúscailt i measc tomhaltóirí an HIA mar fhoinsé faisnéise neamhspleách iontaofa i ndáil le hárachas sláinte príobháideach.
- Foilsiú Treoracha do Thomhaltóirí maidir le hÁrachas Sláinte a Athrú, Úsáid a bhaint as an uirlis HIA um chomparáid, Na Leideanna is Fearr chun do Phréimh Árachais Sláinte a laghdú.
- Agallaimh Réigiúnacha agus Náisiúnta Raidió agus Pheasa.
- Láithreacht mhéadaithe ar na Meáin Sóisialta le linn 2020, trí fhógraíocht spriocdhírthe, poist urraithe, agus comhpháirtíochtaí le foinsí nuachta ar líne.
- Foilsiú Thuarascáil Bhliantúil an Údaráis;
- Foilsiú tháighde neamhspleách tomhaltóirí an Údaráis ar an tionscal árachais sláinte príobháideach;
- Rannpháirtíocht leanúnach leis na meáin ar raon ábhar a bhaineann le hárachas sláinte príobháideach, lena n-áirítear tionchar Covid-19 ar árachas sláinte príobháideach, aisíocaíochtaí Covid-19 chomh maith le comhairle do thomhaltóirí maidir le beartais nó soláthraithe a athrú agus iarmhairtí bhreithiúnas na Cúirte Achomhairc le déanaí sa chás Chubb.

8.4 Ídiú Fuinnimh

Tá sprioc leagtha síos ag an Rialtas don earnáil phoiblí de choigilteas éifeachtúlachta fuinnimh 33% faoi 2020, cothrom le 3,240 GWh. Is ionann é seo agus 10% den choigilteas fuinnimh a theastaíonn faoi 2020 don gheilleagar iomlán (tá sprioc náisiúnta de choigilteas 20% socraithe don gheilleagar ina iomláine). Chun an coigilteas spriocdhírthe a bhaint amach, forbraíodh an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (NEEAP) a d'ordaigh, in éineacht le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Úsáide Deiridh Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh) 2009 na hoibleagáidí agus na spriocanna seo a leanas;

- Cuimseoidh gach comhlacht san earnáil phoiblí ón 1 Eanáir 2011 ráiteas i dtuarascálacha bliantúla ina ndéanfar cur síos ar na bearta atá á ndéanamh acu chun a éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus measúnú ar a ndul chun cinn i dtreo na sprice 33%;
- Cláir éifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm do Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit, Údaráis Áitiúla, an tSeirbhís Sláinte agus gach réimse eile den earnáil phoiblí;
- Cleachtas soláthair atá tíosach ar fhuinneamh a chur i bhfeidhm; agus
- Ní mór Deimhniú Taispeáin Fuinneamh a bheith ar taispeáint ag gach foirgneamh san earnáil phoiblí atá os cionn 1,000m² chun an úsáid fuinnimh iarbhir agus Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh a léiriú.


Tá oifig amháin ag an Údarás atá lonnaithe i dTeach Beaux Lane. Tá na hoifigí suite ar chuid den urlár talún d'fhoirgneamh oifige iláitithe. Ní théann an t-achar urláir ar léas thar 1,000m² sa chás go dteastaíonn Deimhniú Taispeáin Fuinneamh.

Tuairiscíonn an tÚdarás ar a fheidhmíocht fuinnimh d'Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann faoi IR Uimh. 542/2009 - Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Úsáide Deiridh Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh) 2009. Tá an tuarascáil ar ídiú fuinnimh bunaithe ar chion fhoireann an Údaráis san fhoirgneamh iomlán.

In 2020, d'ídiigh an tÚdarás 38,000 kWh d'fhuinneamh, a bhí comhdhéanta de:

- 21,000kWh (2019: 35,000kWh) de leictreachas agus
- 17,000kWh (2019: 15,500kWh) de bhreoslaí iontaise (téamh)

Taispeántar sa ghráf seo a leanas an fheidhmíocht fuinnimh stairiúil don Údarás ag tosú i mbliain na bunlíne 2009 go dtí 2020.



Gníomhartha an Chláir um Éifeachtúlacht Fuinnimh a Rinneadh in 2020:

- Téamh á bhainistiú ar aon dul leis an aimsir iarbhrí;
- Teicneolaíocht Faisnéise agus trealamh eile athsholáthartha le trealamh atá níos tíosáí ar fhuinneamh nuair is gá athsholáthar a dhéanamh;
- Úsáid mhéadaithe an chomhfhreagrais dhigitigh nuair is praiticiúil; agus
- Cur chun cinn leanúnach d’úsáid fhreagrach fuinnimh laistigh den eagraíocht.

Gníomhartha an Chláir um Éifeachtúlacht Fuinnimh atá Beartaithe do 2021:

- Feistí ilfheidhmeacha atá tíosach ar fhuinneamh a sholáthar agus trealamh á athsholáthar;
- Úsáid mhéadaithe an chomhfhreagrais dhigitigh a chur chun cinn; agus
- Cur chun cinn leanúnach d’úsáid fhreagrach fuinnimh laistigh den eagraíocht.
- Spriocanna fuinnimh HIA a ailíniú le Plean Gníomhaíochta Aeráide 2019 ina leagtar amach spriocanna 2030 don Earnáil Phoiblí

Tá an sprioc bainte amach ag an Údarás maidir le coigilteas éifeachtúlachta fuinnimh 33% faoi 2020.

8.5 Acmhainní

8.5.1 Foireann

Fostaíonn an tÚdarás aon bhall foirne déag.

8.5.2 Maoiniú

Maoinítear oibríochtaí an Údaráis le tobhach ar ghnóthais chláráithe de réir Alt 17 den Acht Árachais Sláinte, 1994. Socraíonn na Rialacháin Tobhaigh 2010⁴ an ráta atá le híoc ag gnóthais chláráithe ag 0.12% d’ioncam préimhe na ngnóthas cláráithe. Rinne Ionstraim Reachtuil 528/2014, an tAcht Árachais Sláinte 1994 (Alt 17) Rialacháin Tobhaigh 2014 an tobhach ioncaim a leasú tuilleadh agus socraíodh an ráta ag 0.01% do 2015 agus 2016 agus ag 0.09% ó 2017 amach. Tá an tobhach iníoctha leis an Údarás ar bhonn ráithiúil.

Tá sé de dhualgas ar ghnóthais chláráithe freisin sonraí a chur isteach faoi líon na ndaoine árachaithe mar aon leis an ioncam préimhe. Tugtar achoimre ar na staitisticí seo in Aguisín A. Tá an Clár um Ghnóthais Sochair Sláinte amhail an 31 Nollaig 2020 leagtha amach in Aguisín D.

9

Tuarascáil agus Cuntais 2020



9.1 Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais an Údaráis Árachais Sláinte don bhliain 1 Eanáir 2020 go 31 Nollaig 2020

Don Aire Sláinte

De réir théarmaí Alt 32(2) den Acht Árachais Sláinte, 1994, cuireann an tÚdarás Árachas Sláinte a Thuarascáil agus a Chuntais i láthair don tréimhse dhá mhí dhéag dar críoch an 31 Nollaig 2020.

An tÚdarás Árachas Sláinte ("an tÚdarás") Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

| | |
|---|-------------------|
| Clár na nÁbhar | Leathanach |
| Faisnéis ar an Údarás..... | 34 |
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Údaráis..... | 35 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 42 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste..... | 45 |
| Ráitis Airgeadais | 48 |

An tÚdarás Árachas Sláinte

Faisnéis ar an Údarás

Comhaltaí an Údaráis
Sheelagh Malin (Cathaoirleach)
An Dr Fiona Kiernan
Caroline Barlow
Michael A. O'Sullivan
Damien McShane
Marcella Flood
John Armstrong

Príomhfheidhmeannach /

Don Gallagher (Éirithe as 07/12/2020)
Cláráitheoir Laura Brien (Ceaptha 08/12/2020)

Rúnaí

Maeve Kearns

Baincéirí

AIB plc.
40/41 Sráid Westmoreland, Baile Átha Cliath 2
Permanent TSB
56/59 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2

Iníúcháirí An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1 DO1PF72

Oifigí

Teach Beaux Lane
Sráid Mercer Íochtarach, Baile Átha Cliath 2 D02 DH60

An tÚdarás Árachas Sláinte

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Údaráis

Rialachas


Bunaíodh an tÚdarás le hOrdú Aireachta an 1 Feabhra 2001, faoin Acht Árachais Sláinte, 1994 arna leasú (na “hAchtanna Árachais Sláinte”). Bunaíonn Sceideal 1 de na hAchtanna Árachais Sláinte an tÚdarás mar chomhlacht corparáideach agus na socruithe chun Cathaoirleach agus Comhaltaí an Údaráis a cheapadh. Tá seachtar comhaltaí san Údarás arna gceapadh ag an Aire Sláinte, agus ceaptar duine acu mar Chathaoirleach.

Tá Rialacha Gnó (Téarmaí Tagartha) curtha i bhfeidhm ag an Údarás a leagann amach na socruithe maidir le comhaltas san Údarás, cruinnithe a ghairm agus a réachtáil, ról Rúnaí an Údaráis, agus dualgais agus freagrachtaí tuairiscithe an Údaráis. Tá na Rialacha ag teacht leis an gCód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 (an “Cód”) arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016.

Baineann na socruithe seo freisin leis an gCiste Comhionannaithe Riosca, a bhfuil an fhreagracht air faoin Údarás faoi na hAchtanna.

Struchtúr Eagrúcháin

Struchtúr Eagrúcháin an HIA



Tuarascáil agus Cuntais 2020

Tá feidhmeanna an Údaráis leagtha amach in Alt 21(1) de na hAchtanna Árachais Sláinte. Tuairiscíonn an tÚdarás, maidir lena shocruithe rialachais, don Aire Sláinte agus tá sé freagrach as dea-rialachas a áirithiú agus déanann sé an tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach príomhcheist ghnó. Is é an Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir (CE/R) agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí atá freagrach as bainistíocht, rialú agus treoir rialta an Údaráis Árachais Sláinte ó lá go lá. Ní mór don CE/R agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí an treo straitéiseach leathan atá leagtha síos ag an Údarás a leanúint, agus ní mór dó a áirithiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach Comhalta ar na príomhghníomhaíochtaí agus na cinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar aon rioscaí suntasacha dóchúla. Feidhmíonn an CE/R mar idirchaidreamh díreach idir an tÚdarás agus an bhainistíocht.

Freagrachtaí an Údaráis

Tá obair agus freagrachtaí an Údaráis leagtha amach i dTearmaí Tagartha an Údaráis, ina bhfuil na hábhair atá curtha in áirithe go sonrach le haghaidh cinneadh an Údaráis. I measc na míreanna buana a mheasann an tÚdarás tá:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- ábhair fhorchoimeáda.

Ceanglaítear ar Chomhaltaí an Údaráis le halt 32(2) de na hAchtanna Árachais Sláinte, i gcibé foirm a cheadóidh an tAire Sláinte le comhthoilíú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na cuntais go léir is cuí agus is gnách a choinneáil ar an airgead go léir a gheobhaidh an tÚdarás nó a chaithfidh sé.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar an Údarás:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh sé ag feidhmiú, agus
- a lua cibé ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeachta ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta tráth ar bith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a áirithiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 32(2) de na hAchtanna Árachais Sláinte. Is é an tÚdarás atá freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar láithreán gréasáin an Údaráis Árachais Sláinte.

Tá an tÚdarás freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a cheadú. Rinne an tÚdarás meastóireacht ar fheidhmíocht na heagraíochta trí thagairt don phlean bliantúil agus don bhuiséad an 20 Samhain 2020 agus trí thagairt do thorthaí airgeadais na bliana iomláine an 26 Márta 2021.

Tá an tÚdarás freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá an tÚdarás freagrach as bunú, riarachán agus cothabháil an Chiste Comhionannaithe Riosca (“an Ciste”). Tá Comhaltaí an Údaráis freagrach as ráitis airgeadais don Chiste a tháirgeadh agus a cheadú.

Measann an tÚdarás go dtugann ráitis airgeadais an Údaráis Árachais Sláinte agus an Chiste tuairimí cearta agus cothroma maidir le feidhmíocht airgeadais agus seasaimh airgeadais an dá eintiteas amhail an 31 Nollaig 2020.

Struchtúr an Údaráis

Tá Cathaoirleach agus seisear gnáthchomhaltaí san Údarás, arna gceapadh ag an Aire Sláinte. Ceapadh Comhaltaí an Údaráis go ceann tréimhsí idir trí bliana agus cúig bliana agus buaileann siad le chéile 8 n-uaire in aghaidh na bliana ar a laghad. Sonraítear sa tábla thíos an tréimhse cheapacháin do Chomhaltaí reatha:

| Comhalta an Údaráis | Role | Date Appointed |
|--------------------------------|----------------|---|
| Sheelagh Malin (Cathaoirleach) | Cathaoirleach | 6 Bealtaine 2010 Athcheaptha an 1 Feabhra 2016 |
| Dr Fiona Kiernan* | Gnáthchomhalta | 1 Feabhra 2016 |
| Caroline Barlow | Gnáthchomhalta | 24 Meitheamh 2019 |
| Michael A. O'Sullivan | Gnáthchomhalta | 24 Meitheamh 2019 |
| Damien McShane | Gnáthchomhalta | 5 Iúil 2019 |
| Marcella Flood | Gnáthchomhalta | 5 Iúil 2019 |
| John Armstrong | Gnáthchomhalta | 18 Meán Fómhair 2019 |

* I mí Iúil 2021, tabharfaidh an tÚdarás faoi fhéinmheasúnú bliantúil ina ndéanfar meastóireacht ar a fheidhmíocht féin i leith 2020.

Tá dhá choiste bunaithe ag an Údarás, mar a leanas:

1. An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca: comhdhéanta de bheirt Chomhaltaí an Údaráis ar a laghad. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) tacú leis an Údarás maidir lena fhreagracht as saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus as árachas gaolmhar. Tá an ARC neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go sonrach, áiríthíonn an ARC go ndéantar na monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar chórais rialaithe inmheánacha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an ARC don Údarás tar éis gach cruinniú, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Is iad seo a leanas Comhaltaí an ARC: Michael A. O'Sullivan (Cathaoirleach), Caroline Barlow and Marcella Flood. Bhí 4 chruinniú ag an ARC in 2020.

2. An Coiste Covid-19: comhdhéanta de bheirt Chomhaltaí an Údaráis ar a laghad. Is é ról an Choiste Covid-19 machnamh a dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag paidéim Covid-19 ar an margadh árachais sláinte in Éirinn agus ar an gCiste Comhionannaithe Riosca agus chun treoir a sholáthar don Údarás chun cabhrú leis maidir lena fheidhmeanna a chomhlíonadh. Tuairiscíonn an Coiste Covid-19 don Údarás tar éis gach cruinniú. Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Covid-19: Caroline Barlow (Cathaoirleach), John Armstrong and Fiona Kiernan.

Sceideal an fhreastail, Táillí agus Costais

Tá sceideal an fhreastail ar chruinnithe an Údaráis agus na gcoistí do 2020 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na speansais a fhaigheann gach Comhalta:

| | Údarás | An Coiste Iniúchóireachta agus Riosc | Coiste Covid-19 | Táillí 2020 € | Speansais 2020 € |
|-----------------------|--------|--------------------------------------|-----------------|------------------|---------------------|
| Number of Meetings | 8 | 4 | 7 | | |
| Sheelagh Malin | 8 | - | - | 8,979 | - |
| Dr Fiona Kiernan | 8 | - | 5 | - | - |
| Caroline Barlow | 8 | 4 | 7 | 5,985 | 79 |
| Michael A. O'Sullivan | 8 | 4 | - | 5,985 | 868 |
| Damien McShane | 8 | - | - | 5,985 | - |
| Marcella Flood | 8 | 4 | - | 5,985 | - |
| John Armstrong | 8 | - | 7 | 5,985 | - |
| | | | | 38,904 | 947 |

Ní bhfuair Comhalta amháin den Údarás, an Dr Fiona Kiernan táille faoin bprionsabal Duine Amháin Tuarastal Amháin (OPOS).

Príomhathruithe Pearsanra

Tháinig Laura Brien in áit Don Gallagher (Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir) i mí na Nollag 2020 de thairbhe go raibh sé ag dul ar scor.

Nochtuithe a Éilíonn an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an tÚdarás freagrach as a áirithiú gur chomhlíon an tÚdarás Árachas Sláinte ceanglais an Chóid. Éilíonn an Cód na nochtuithe seo a leanas:

Costais Chomhairleachta

Cuimsíonn costais chomhairliúcháin costas na comhairle seachtraí don bhainistíocht agus ní chuimsíonn siad feidhmeanna ‘gnó mar is gnách’ seachfhoinsithe.

| | 2020 € | 2019 € |
|---|---------------|---------------|
| Comhairleacht Innealtóra | - | 1,845 |
| Bainistíocht Tionscadal - Tógáil | 60,103 | 14,494 |
| Seirbhísí Tacaíochta Soláthair | - | 6,413 |
| Cóiríocht Oifige – Tionscadal | 3,383 | 18,450 |
| Dlíthiúil | - | 23,330 |
| | 63,486 | 64,532 |
| Costais Chomhairleachta Caipitlithe | -- | |
| Costais chomhairleachta a ghearrtar ar na Cúlchistí Ioncaim agus Caiteachais agus Ioncaim Coinnithe | 63,486 | 64,532 |
| | 63,486 | 64,532 |
| Iomlán | 63,486 | 64,532 |

Costais agus Socruithe Dlí

Is iad seo a leanas na costais dlí a bhaineann le himeachtaí dlí, nó socraíochtaí:

| | 2020 € | 2019 € |
|---------------------------|------------------|----------------|
| Imeachtaí dlí | 75,329 | 140,488 |
| Costais dlí a aisghabhadh | (184,929) | - |
| | (109,600) | 140,488 |
| Iomlán | (109,600) | 140,488 |

Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Déantar caiteachas taistil agus cothaithe a chatagóiriú mar seo a leanas:

| | 2020 | 2019 |
|---------------|-------------|--------------|
| | € | € |
| Baile | | |
| Údarás | 947 | 1,480 |
| Fostaithe | 5 | 2,880 |
| Idirnáisiúnta | | |
| Údarás | - | - |
| Fostaithe | - | - |
| Total | 952 | 4,360 |

Caiteachas Fáilteachais

Cuimsíonn an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

| | 2020 | 2019 |
|------------------------------|--------------|--------------|
| | € | € |
| Fáilteachas Foirne & Údaráis | 2,196 | 3,879 |
| Fáilteachas Cliant | 179 | 844 |
| Iomlán | 2,375 | 4,723 |

Ráiteas ar Chomhlíonadh

CChomhlíon an tÚdarás Árachas Sláinte go hábhartha ceanglais an Chóid, ach amháin na heisceachtaí seo a leanas:

Chomhaontaigh an tÚdarás leis an Roinn Sláinte maidir lena chomhlíonadh le Mír 8.48 den Chód i ndáil le díospóidí dlí a mhodhnú nuair a luaitear *“i gcás ina mbaineann comhlacht Stáit eile le díospóidí dlí, mura n-éilítear a mhalairt le reacht, ba cheart gach iarracht a dhéanamh chun idirghabháil, eadránú nó réiteach ar bhealach eile sula dtabhaítear costais dlí costasacha.”*

Ba cheart do chomhlachtaí stáit an beart is cost-éifeachtaí a dhéanamh maidir le díospóidí dlí.” Cháiligh an tÚdarás an riachtanas trí *“(seachas gnóthas cláraithe)”* a chur isteach i ndiaidh *“comhlacht Stáit”*. Léiríonn sé seo go n-éilíonn Alt 33B de na hAchtanna Árachais Sláinte *“go gcomhlíonfaidh an tÚdarás na feidhmeanna a thugtar dóibh leis an Acht seo nó faoin Acht seo ar bhealach a fhágfaidh go gcaithfear go cothrom le gnóthais chláraithe in imthosca comchosúla.”*

Chomhaontaigh an tÚdarás leis an Roinn Sláinte maidir lena chomhlíonadh le hAguisín C, an Creat um Chód Iompair den Chód a mhodhnú, áit a moltar gur cheart do Chód Iompair an Údaráis aghaidh a thabhairt ar cheist na dílseachta trí aitheantas a thabhairt don *“fhreagracht le bheith dílis don chomhlacht Stáit agus tiomanta go hiomlán ina cuid gníomhaíochtaí gnó go léir agus a mheabhrú go gcaithfidh an eagraíocht féin leasanna an scairshealbhóra a chur san áireamh i gcónaí.”* Deirtear sa chuid chomhfhreagrach i gCód Iompair an Údaráis *“... go gcaithfidh an eagraíocht riachtanais a reachtaíochta rialaithe a chur san áireamh i gcónaí, seachas “leasanna an scairshealbhóra”.*

Chomhaontaigh an tÚdarás leis an Roinn Sláinte léirmhíniú Alt 3.3 den Chód a deir *“má fhaigheann Comhalta den Bhord/Stiúrthóir fianaise nach gcomhlíontar aon oibleagáidí reachtúla a bhaineann leis an gcomhlacht Stáit, ba cheart dó/di é seo a chur in iúl láithreach dá gcomh-chomhaltaí Boird/Stiúrthóirí d’fhonn an t-ábhar a réiteach. Ba cheart don Chathaoirleach an t-ábhar a chur faoi bhráid an Aire ábhartha ag léiriú (i) iarmhairtí an neamhchomhlíonta sin agus (ii) na céimeanna a glacadh nó a ghlacfar chun an seasamh a réiteach. Is é freagracht an Chathaoirligh saincheisteanna den sórt sin a chur in iúl don Aire.”* Léirmhíniú an tÚdaráis an riachtanas seo mar rud a bhaineann le haon neamh-chomhlíonadh ábhartha.

Chomhaontaigh an tÚdarás leis an Roinn Sláinte gan mionsonraí comhiomlána an chúitimh a nochtadh mar a cheanglaítear faoi Alt 1.4 (vi) den doiciméad Riachtanas Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais a ghabhann leis an gCód. Ní nochtann an tÚdarás mionsonraí faoi chúiteamh na bhfostaithe mar gheall ar mhéid beag na heagraíochta agus an dóchúlacht go n-aithneofar cúiteamh duine aonair.

Chomhaontaigh an tÚdarás leis an Roinn Sláinte gan mionsonraí tuarastal na bhfostaithe agus costais phinsin na bhfostaithe níos mó ná €60,000 i mbandaí €10,000 a nochtadh mar a cheanglaítear faoi Alt 1.4 (viii) den doiciméad Riachtanas Tuairiscithe Gnó agus Airgeadais a ghabhann leis an gCód. Ní nochtann an tÚdarás mionsonraí na gcostas tuarastail agus pinsin mar gheall ar mhéid beag na heagraíochta agus an dóchúlacht go n-aithneofar cúiteamh duine aonair.



Sheelagh Malin
Cathaoirleach



Michael A. O'Sullivan
Comhalta

28 lá de Meitheamh 2021

Dáta

An tÚdarás Árachas Sláinte

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Raon Feidhme Freagrachta

Thar ceann an Údaráis Árachais Sláinte (“an tÚdarás”) aithním freagracht an Údaráis as a áirithiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú i leith an Údaráis agus an Chiste Comhionannaithe Riosca. Cuirtear an fhreagracht seo san áireamh riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an Córas Rialaithe Inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas é a dhíchur. Mar sin ní féidir leis an gCóras ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadh i gceart agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Tá an Córas Rialaithe Inmheánach, atá ag teacht le treoir arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 agus suas go dtí dáta formheasta na ráiteas airgeadais.

An Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (“ARC”) ag an Údarás ina bhfuil beirt Chomhaltaí den Údarás ar a laghad a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúcháireachta acu, agus is é an Cathaoirleach duine acu. Bhuaill an ARC le chéile ceithre huairé in 2020.

Fostaíonn an tÚdarás Iniúcháir Inmheánach neamhspleách a oibríonn de réir na Cairte Iniúcháireachta Inmheánaí ceadaithe agus a thuairiscíonn don ARC. Formheasann an ARC Plean Iniúcháireachta Inmheánaí agus déantar athbhreithniú air bliain. Forbraítear an Plean Iniúcháireachta Inmheánaí trí chur chuige riosca-bhunaithe a úsáid.

Shocraigh an tÚdarás inghlacthacht riosca na heagraíochta agus tá sé seo leagtha amach i Ráiteas Inghlacthachta Riosca. D’fhorbair an ARC Beartas Bainistíochta Riosca ina leagtar amach na Próisis Bhainistíochta Riosca atá i bhfeidhm agus a thugann mionsonraí ar ról agus ar fhreagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas do gach ball foirne a bhfuiltear ag súil go n-oibreoidh siad laistigh de Bheartais Bhainistíochta Riosca an Údaráis, chun bainistíocht a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn agus laigí a rialú agus chun ligean don fhoireann freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá Córas Bainistíochta Riosca curtha i bhfeidhm ag an Údarás a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Is mír bhuan é bainistíocht riosca ar chlár oibre an ARC agus an Údarás araon. Tá Clár Riosca i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá os comhair an Údarás agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir na tábhachta a bhaineann leo. Déanann an tÚdarás, ar bhonn bliantúil, athbhreithniú ar na rioscaí go léir a shainaithnítear ar an gClár Riosca agus déanann an bhainistíocht pleananna chun na rioscaí aitheanta a mhaolú. Cuirtear rioscaí a shainaithnítear i rith na bliana leis an gClár Riosca ar bhonn leanúnach. Ina theannta sin, déanann an tÚdarás athbhreithniú ar na rioscaí arda (iad siúd atá rátáilte mar ómra nó dearg), ar rioscaí nua agus ar rioscaí athraitheacha ar an gClár Riosca dhá uair eile i rith na bliana. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena áirithiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Sonraíonn an Clár Riosca na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú, agus freagracht as oibriú rialuithe a shanntar d'fhoireann ar leith. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe ann ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- rinneadh nósanna imeachta do gach próiseas príomhghnó a dhoiciméadú,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta leis an bhfreagracht chomhfheagrach,
- tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil, rud a choinníonn an bhainistíocht shinsearach agus an tÚdarás faoi athbhreithniú,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a áirithiú agus
- tá córais ann chun sócmhainní an Údarás a chosaint.

Tionchar na paindéime Covid-19 ar an Timpeallacht Rialaithe

D'athraigh tosú na paindéime Covid-19 go luath in 2020, agus na comhairle sláinte poiblí agus na mbeart sábháilteachta dá bharr, cleachtais oibre an HIA go tapa agus go suntasach, agus cianobair agus obair fhíorúil mar ghnáthnós ag formhór na foirne HIA.

Rinne HIA monatóireacht ghéar ar na forbairtí, ag iarraidh na rioscaí a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar oibríochtaí gnó, baill foirne agus geallsealbhóirí an HIA a mhaolú. I measc na mbeart a rinne an tÚdarás tá: -

- Oibríochtaí gnó an Údarás a aistriú chuig timpeallacht chianoibre inar féidir le formhór na bpróiseas gnó leanúint ar aghaidh mar is gnáth.
- Measúnú leanúnach ar rioscaí suntasacha a bhaineann le paindéim Covid-19 agus aclaíocht HIA chun freagairt go héifeachtach.
- A áirithiú go bhfanann deighilt láidir dualgas agus go bhfuil clúdach leordhóthanach i bhfeidhm i gcás nach mbeadh údarás cheadaithe shonracha ar fáil.
- A áirithiú go leanann na beartais agus na nósanna imeachta cosanta sonraí agus bainistíochta taifead atá ann cheana féin de bheith i bhfeidhm sa timpeallacht chianoibre agus go ndéantar monatóireacht agus tuairisciú orthu mar is gnáth.
- A áirithiú go bhfaigheann baill foirne rochtain ar líonra HIA ag baint úsáide as trealamh TFC cheadaithe de chuid HIA agus go bhfuil an trealamh TFC riachtanach curtha ar fáil do gach ball foirne atá ag obair go cianda.
- Measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht le haghaidh laigí i rialuithe inmheánacha a thagann ó Covid-19 agus ghlac sé bearta chun monatóireacht agus nuashonrú a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha nuair is gá.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Údarás, nuair is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaitníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh aitheanta a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an bhainistíocht shinsearach agus an tÚdarás athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais, a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséid/réamhaisnéisí.

Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun a áirithiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte soláthair reatha agus gur chomhlíon an tÚdarás na nósanna imeachta sin le linn 2020.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht


Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an Údarás chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a Nósanna Imeachta Bainistíochta Riosca agus Rialaithe. Cuireann obair na nIníúcháirí Inmheánacha agus Seachtracha, an ARC a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Údarás atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreat rialaithe airgeadais inmheánaigh bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Dearbhaím go ndearna Comhaltaí an Údaráis athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na Rialuithe Inmheánacha do 2020.

Saincheisteanna um Rialú Inmheánach

Níor sainaitníodh aon laigí ábhartha sa Rialú Inmheánach maidir le 2020. Bhí toradh amháin ag an Athbhreithniú ar Éifeachtacht an Bhoird Sheachtraigh agus ar Éifeachtacht Rialachais a bhain le ról Choiste Covid 19. Chomhaontaigh an bord plean gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar an gcinneadh sna chéad sé mhí de 2021.

Thar ceann Comhaltaí an Údaráis;



Sheelagh Malin

Cathaoirleach

Dáta: 28 lá de Meitheamh 2021

An tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An tÚdarás Árachas Sláinte

Tuairim cháilithe ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Údaráis Árachais Sláinte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 32 den Acht Árachais Sláinte 1994. Tá na Ráitis Airgeadais comhdhéanta de

- ráiteas ar chaiteachas agus ioncam agus ar cúlchistí ioncaim coinnithe
- ráiteas ar an staid airgeadais
- ráiteas ar shreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasáochta shuntasacha.

Is é mo thuairim, ach amháin mura gcomhlíontar ceanglais FRS 102 maidir le teidlíochtaí sochair scoir dá dtagraítear thíos, go dtugtar léargas fíor agus cothrom leis na ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanas agus ar staid airgeadais an Údaráis Árachais Sláinte amhail an 31 Nollaig 2020 agus ar a ioncam agus a chaiteachas do 2020 de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 - An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann.

An bonn do thairim cháilithe ar na ráitis airgeadais

I gcomhréir le treoracha an Aire Sláinte, ní thugann an tÚdarás Árachas Sláinte cuntas ar a dhliteanas fabhraithe sochair scoir. Ní chomhlíonann sé seo FRS 102 lena n-éilítear go n-aithníonn na ráitis airgeadais an dliteanas fabhraithe iomlán ar an dáta tuairiscithe. Ní dhearnadh éifeacht an neamh-chomhlíonta ar ráitis airgeadais an Údaráis do 2020 a chainníochtú.


Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht (ISAnna) arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Iniúcháireachta Uachtaraí. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an Údarás Árachas Sláinte agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiteiciúla eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur iomchuí í an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

Tuairisciú ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Chuir an tÚdarás Árachas Sláinte faisnéis áirithe eile i láthair mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis sin an tuarascáil bhliantúil, lena n-áirítear an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltáí an Údaráis, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú i ndáil le faisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile a thuairiscím orthu d'eisceacht

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.



Seamus McCarthy

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2021

Aguisín leis an tuarascáil Freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis

De réir mar atá sonraithe sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Údaráis, tá comhaltaí an Údaráis freagrach as an méid a leanas

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 32 den Acht Árachais Sláinte 1994
- chun a áirithiú go dtugtar léargas cóir agus cothrom leis na ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- chun a áirithiú go ndéantar idirbhearta de réir rialtacha
- measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht úsáid na cuntasáiochta ar bhonn an ghnóthais leantaigh, agus
- a leithéid de rialú inmheánach a chur a i bhfeidhm agus a mheasann siad riachtanach ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh is de thoradh calaoise nó earráide

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi alt 32 den Acht Árachais Sláinte 1994 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Údaráis Árachais Sláinte agus chun tuarascáil ina leith a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha de thoradh calaoise nó earráide. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ionann sé agus ráthaíocht go mbraithfear míshonrú ábhartha atá ann trí iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna. D'fhéadfadh míshonruithe eascairt as calaois nó as earráid agus meastar gur ábhartha iad más féidir, ina n-aonar nó ina n-iomláine, go mbeifí ag súil go réasúnta go n-imreofaí tionchar leo ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a ghlacfaí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, cuirim breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus le linn dom sin a dhéanamh,

- Déanaim na rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú a bhaineann le míshonrú na ráiteas airgeadais cé acu an raibh sé nó nach raibh sé de thoradh ar chalaos nó ar earráid; déanaim nósanna imeachta iniúchta a dheardh agus a chur i bhfeidhm atá freagrúil i leith na rioscaí sin; agus aimsíonn fianaise i leith an iniúchta atá imleor agus iomchuí chun bunús a sholáthar le mo thuairim. Tá riosca níos airde ann nach mbraitear míshonrú ábhartha mar thoradh ar chalaos ná mar thoradh ar earráid, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha d'aon ghnó, nó sárú rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dheardh atá oiriúnach sna cúinsí áirithe, ach ní chun críocha tuairim a thabhairt maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measaim oiriúnacht na mbeartas cuntasáiochta as a mbaintear úsáid agus réasúntacht na meastachán cuntasáiochta agus na nochtuithe gaolmhara.
- Bainim tatal maidir le hoiriúnacht úsáid na cuntasáiochta ar bhonn an ghnóthais leantaigh, agus ar bhonn na fianaise iniúchta a aimsítear, maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó le cúinsí lena bhféadfaí amhras suntasach a chaitheamh ar ábaltacht an Chiste leanúint mar ghnóthas leantach. Más é an tatal a bhainim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, más neamhimleor a leithéid de nochtuithe, éilítear orm mo thuairim a athrú. Tá na tatal de mo chuid bunaithe ar an bhfianaise a aimsíodh suas le dáta mo thuarascála. Ina dhiaidh sin is uile, mar gheall ar theagmhais nó ar chúinsí amach anseo d'fhéadfadh sé nach mbeadh an Ciste in ann leanúint mar ghnóthas leantach.
- Measaim cur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais, agus nochtuithe san áireamh, agus cé acu an léirítear nó nach léirítear leis na ráitis airgeadais na hidirbhearta bunúsacha agus teagmhais bhunúsacha ar bhealach lena ndéantar léiriú cothrom a bhaint amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil rialachas mar fhreagracht acu maidir leis na nithe a leanas, i measc nithe eile: raon feidhme agus uainiú an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith maidir le rialú inmheánach a shainaithním le linn an iniúchta de mo chuid.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Leis an tuairim de mo chuid ní chumhdaítear an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní léirím tátaí dearbhaithe ar bith ina leith..

Maidir leis m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm i gcomhréir leis na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus trí sin a dhéanamh, breithním má tá an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más ionann í sin agus míshonrú ar shlí eile de réir cosúlachta. Más é an tátaí a bhainim, ar bhonn na hoibre atá déanta agam, go ndearnadh an fhaisnéis eile sin a mhíshonrú go hábhartha, ní mór dom an fhíríc sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh agus tagairt á déanamh do na cúrsaí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus lena n-oibriú. Tuairiscím má shainaithním cúrsaí ábhartha a bhaineann leis an dóigh a ndearnadh gnó poiblí a chur i bhfeidhm.

Déanaim iarracht fianaise a aimsiú maidir le rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má shainaithním cás ábhartha ar bith nuair nach ndearnadh airgead poiblí a úsáid chun na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis lena rialaítear iad.

Tuairiscím na nithe a leanas, trí eisceacht, más í mo thuairim í:

- Ní bhfuair mé an fhaisnéis uile agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- ní raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun ligean dom na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus go ceart, nó
- níl na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

An tÚdarás Árachas Sláinte

Ráiteas ar Chaiteachas agus Ioncam agus ar Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2020 € | 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2019 € |
|--|-------|--|--|
| Ioncam | 2 | 2,724,564 | 2,772,296 |
| Costais riaracháin | 3 | (2,689,836) | (2,411,128) |
| Barrachas ioncaim thar chaiteachas | | 34,728 | 361,168 |
| Ús infhála | | 1,667 | 5,672 |
| Barrachas don bhliain | | 36,395 | 366,840 |
| Cúlchistí ioncaim coinnithe ag tús na bliana | | 9,813,629 | 9,446,789 |
| Cúlchistí ioncaim coinnithe ag deireadh na bliana | | 9,850,024 | 9,813,629 |



Sheelagh Malin
Cathaoirleach



Michael A. O'Sullivan
Comhalta

28 lá de Meitheamh 2021


Dáta

Tá nótaí 1 go 14 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

An tÚdarás Árachas Sláinte

Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020 € | 2019 € |
|---|-------|------------------|------------------|
| Sócmhainní seasta | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 6 | 565,548 | 137,971 |
| Sócmhainní reatha | | | |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | | 11,045,474 | 11,683,384 |
| Réamhíocaíochtaí agus féichiúnaithe eile | 7 | 1,225,100 | 898,858 |
| | | 12,270,574 | 12,582,242 |
| Creidiúnaithe (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain) | | | |
| Creidiúnaithe agus fabhruithe | 8 | (2,986,098) | (2,906,584) |
| Glansócmhainní reatha | | 9,284,476 | 9,675,658 |
| Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha | | 9,850,024 | 9,813,629 |
| Glansócmhainní | | 9,850,024 | 9,813,629 |
| Léirithe ag | | | |
| Cúlchistí ioncaim coinnithe | | 9,850,024 | 9,813,629 |
| | | 9,850,024 | 9,813,629 |



Sheelagh Malin
Cathaoirleach



Michael A. O'Sullivan
Comhalta

28 lá de Meitheamh 2021

Dáta

Tá nótaí 1 go 14 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

An tÚdarás Árachas Sláinte

Ráiteas ar Shreafaí Airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020 € | 2019 € |
|---|-------|------------------|----------------|
| Réiteach an bharrachais oibriúcháin le glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | | |
| (Easnamh) / barrachas oibriúcháin don bhliain | | 36,395 | 366,840 |
| Dímheas | 6 | 147,562 | 84,870 |
| (Méadú) ar fhéichiúnaithe | 7 | (325,643) | (46,905) |
| Méadú ar chreidiúnaithe | 8 | 79,514 | 11,633 |
| Caillteanas ar Dhiúscairt | | 553 | - |
| <hr/> | | | |
| Glan-airgead tirim (eis-sreabhadh) / insreabhadh ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | (61,619) | 416,438 |
| Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta | | | |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil | 6 | (575,692) | (12,606) |
| <hr/> | | | |
| | | (637,311) | 403,832 |
| Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe | | | |
| Ús a tuilleadh | | (1,667) | (5,672) |
| Ús a fuarthas | | 1,068 | 9,938 |
| <hr/> | | | |
| (Laghdú) / Méadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid | | (637,910) | 408,098 |
| <hr/> | | | |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir | | 11,683,384 | 11,275,286 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid amhail an 31 Eanáir | | 11,045,474 | 11,683,384 |
| <hr/> | | | |
| (Laghdú) / Méadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid | | (637,910) | 408,098 |



Sheelagh Malin
Cathaoirleach



Michael A. O'Sullivan
Comhalta

28 lá de Meitheamh 2021

Dáta

Tá nótaí 1 go 14 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

An tÚdarás Árachas Sláinte

Nótaí (mar chuid de na ráitis airgeadais)

1. Beartais Chuntasaíochta

Tá na beartais chuntasaíochta shuntasacha a cuireadh i bhfeidhm in ullmhú na ráiteas airgeadais seo leagtha amach thíos. Cuireadh na beartais seo i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na blianta ar fad a chuirtear i láthair mura ndeirtear a mhalairt.

Ráiteas ar Chomhlíonadh

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 “An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is Infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann” (“FRS102”), arna mhodhnú le treoracha an Aire Sláinte maidir le haoisliúntas. I gcomhréir le treoracha an Aire Sláinte, ní thugann an tÚdarás cuntas ar chostais teidlíochtaí aoisliúntais ach amháin de réir mar a bhíonn siad iníoctha (féach an beartas cuntasaíochta um Shochar Scoir thíos). Ní chomhlíonann bunús na cuntasaíochta FRS 102, a éilíonn go n-aithneofar costais den sórt sin sa bhliain ina dtuilltear an teidlíocht.

Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe na cuntasaíochta de réir na bprionsabal cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta agus faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil.

Cuirtear ráitis airgeadais an Údaráis i láthair in Euro (“€”) arb é airgeadra feidhmiúil an Údaráis é freisin.

Tá an tÚdarás den tuairim nach bhfuil aon bhreithiúnais chriticiúla ann a mbíonn tionchar suntasach acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Ioncam Tobhaigh

Léiríonn ioncam tobhaigh an méid infhála ag an Údarás i leith na tréimhse. Cuirtear san áireamh ann íocaíochtaí a rinneadh leis an Údarás de réir an Achta Árachais Sláinte 1994 arna leasú. Déantar réasúntacht an fhigiúir seo a sheiceáil i gcoinne an ioncaim tobhaigh ionchais bunaithe ar phróifíl an Údaráis ar scéimeanna árachais sláinte príobháideacha.

Aitheantas Caiteachais

Aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe de réir mar a thabhaítear é.

Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas lúide dímheas carntha. Ríomhtar dímheas, a ghearrtar ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe, chun costas sócmhainní seasta a dhíscríobh thar a saolré úsáideach measta, faoi mhodh na líne dírí, ag an ráta bliantúil 33 1/3% le haghaidh trealamh ríomhaireachta agus forbairt láithreáin ghréasáin agus 20% do na sócmhainní eile go léir ó dháta na fála.

Tiontaítear idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha isteach in Euro i rith na bliana agus tá siad san áireamh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don tréimhse.

Tiontaítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha isteach in Euro ag rátaí malairte a rialaíonn ar an dáta tuairiscithe agus tá gnóthachain agus cailiteanais mar thoradh air sin san áireamh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don tréimhse.

An Scéim Comhionannaithe Riosca

Bunaíodh an Ciste Comhionannaithe Riosca (an Ciste) an 1 Eanáir 2013 faoin Acht Árachais Sláinte (Leasú) 2012. Tá an tÚdarás freagrach as an gCiste a chothabháil agus a riar agus faigheann sé ar ais na costais tabhaithe ón gCiste. Cuimsíonn an bunús le costais a fháil ar ais cionroinnt iomlán na gcostas a bhaineann go díreach leis an gCiste agus cionroinnt pháirteach na gcostas a thabhaíonn an tÚdarás, mar atá leagtha amach i Nóta 13 de na ráitis airgeadais. Ullmhaíonn an tÚdarás ráitis airgeadais ar leithligh don Chiste ar bhonn bliantúil.

Sochair Scoir

De réir Alt 28 den Acht Árachais Sláinte, 1994, féadfaidh an tÚdarás, le toiliú an Aire Sláinte agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, scéim a dhéanamh chun sochair aoisliúntais a dheonú do bhaill foirne an Údaráis. Síniú Scéim Aoisliúntais Fostaithe an Údaráis (IR 637 de 2016) (“an Scéim”) an 21 Nollaig 2016 ina bhfuil na Rialacha atá leagtha amach sa Sceideal a ghabhann leis na Rialacha um Rialacháin do Chomhaltaí Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí 2014 (S.I. Uimh. 582 de 2014) glactha mar Scéim chun sochair aoisliúntais a dheonú do bhaill foirne an Údaráis nó ina leith, lena n-áirítear Cláraitheoir an Údaráis, de réir mar is iomchuí. Tá an t-Údarás ag déanamh na n-asbhaintí riachtanacha ó thuarastail a choinníonn an tÚdarás, ach ní aithnítear iad mar ioncam. Tá foráil á dhéanamh ag an Údarás freisin maidir le ranníocaíochtaí fostóirí leis an Scéim. Tá an tÚdarás i mbun díospóireachta leis an Roinn Sláinte maidir le meicníocht maoinithe pinsin an Údaráis. Is scéim aoisliúntais sochair shainithe d’fhostaithe í an Scéim. Ar feitheamh toradh na ndíospóireachtaí sin, déantar íocaíochtaí pinsin faoin scéim ón soláthar carntha pinsin. Faoi threoir an Aire Sláinte, níl aon fhoráil déanta maidir le sochair iníochta sna blianta amach anseo. Féach Nóta 10 le haghaidh tuilleadh mionsonraí.

Tá baill foirne Iontrála nua atá fostaithe ag an Údarás tar éis 1 Eanáir 2013 ina mbaill den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair de réir an Achta um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Déanann an tÚdarás na hasbhaintí riachtanacha ó thuarastail na foirne atá mar chuid den scéim. Aistrítear ranníocaíochtaí fostaithe agus fostóirí chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar bhonn míosúil de réir an Achta um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

2. Ioncam

Foráiltear le halt 17 den Acht Árachais Sláinte, 1994 go n-íocfaidh gnóthais chláráithe tobhach ioncaim leis an Údarás gach ráithe d’fhonn oibríochtaí an Údaráis a mhaoiniú agus soláthar leordhóthanach a dhéanamh do theagmhais. Rinne Ionstraim Reachtúil 528/2014, an tAcht Árachais Sláinte 1994 (Alt 17) Rialacháin Tobhaigh 2014 an tobhach ioncaim a leasú dá ráta reatha 0.09% a bhí i bhfeidhm in 2019 agus in 2020.

| | 2020 € | 2019 € |
|--|---------------|------------------|
| Tobhach Ioncaim | 2,246,172 | 2,310,391 |
| Costais an Chiste Comhionannaithe Riosca Athghearrtha (Nóta 13) | 293,463 | 211,905 |
| Costais dlí a aisghabhadh | 184,929 | - |
| Tréigean Léasa (Nóta 9) | - | 250,000 |
| | 2,724, | 2,772,296 |

3. Costais riaracháin

| | 2020 € | 2019 € |
|--|------------------|------------------|
| Tuarastail, costas pinsin agus costais eile foirne (Nóta 4) | 924,470 | 675,937 |
| Costais oiliúna | 13,826 | 39,609 |
| Táillí Stiúrthóirí (Nóta 4) | 38,904 | 25,782 |
| Cíos, Táillí Seirbhíse agus Cothabháil | 256,200 | 126,022 |
| Comhairleacht (Nóta 5) | 655,521 | 682,416 |
| Árachas | 22,970 | 20,780 |
| Costais Ríomhaireachta agus Pháipéarachais | 32,853 | 27,327 |
| Costais Eile Riaracháin | 62,856 | 59,458 |
| Faisnéis do Thomhaltóirí | 522,574 | 657,927 |
| Iníúchadh | 12,100 | 11,000 |
| Dímheas | 147,562 | 84,870 |
| | 2,689,836 | 2,411,128 |

Faightear ar ais costais riaracháin de €293,463 (2019: €211,905) i leith an Chiste Comhionannaithe Riosca ón gCiste agus láimhseáiltear iad mar ioncam (féach Nóta 13).

4. Luach Saothair

Is é cuspóir an nochtaithe ná faisnéis a sholáthar maidir le luach saothair i gcomhlachtaí Stáit, i ndáil leis an gcaiteachas iomlán a thabhaíonn an comhlacht Stáit agus socruithe luach saothair na príomhfhoirne, lena n-áirítear an CE/R agus príomhbhainistíocht eile. Cuimsíonn sochair fhostaithe, mar atá sainmhínithe ag Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 “An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is Infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann” (“FRS 102”), tuarastail agus costais phinsin, sochair fhoirceanta, sochair iarfhostaíochta, sochair fhadtéarmacha eile agus idirbhearta íocaíochta scairbhunaithe.

Táillí Stiúrthóirí

Táillí iníoctha le comhaltaí aonair boird do 2020 Sheelagh Malin (Cathaoirleach) € 8,979 (2019: € 8,978), Ian Britchfield € Nialas (2019: € 2,857), Michael A. O’Sullivan € 5,985 (2019: € 3,153), Damien McShane € 5,985 (2019: € 2,946), Caroline Barlow € 5,985 (2019: € 3,153), John Armstrong € 5,985 (2019: € 1,749) agus Marcella Flood € 5,985 (2019: € 2,946).

Ba iad na costais a íocadh le baill aonair an bhoird do 2020 ná Michael A. O’Sullivan € 868 agus Caroline Barlow € 79.

Luach Saothair Fostaithe

Faoi FRS102 is iad príomhphearsanra bainistíochta na daoine sin a bhfuil údarás agus freagracht orthu gníomhaíochtaí an eintitis a phleanáil, a stiúradh agus a rialú, go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear aon stiúrthóir (cibé acu stiúrthóir feidhmiúcháin nó eile atá i gceist) den eintiteas sin.

a) Sochair Chomhiomlána Fostaithe

| | 2020 € | 2019 € |
|--|----------------|----------------|
| Tuarastail | 725,862 | 574,976 |
| Rannchuidiú fostóirí le leas sóisialta | 62,791 | 34,653 |
| Costas Pinsin an fhostóra (Nóta 10) | 68,727 | 14,062 |
| SPSPS (DPER) an fhostóra | 66,048 | 35,112 |
| Foireann na gníomhaireachta | 1,042 | 17,134 |
| Iomlán | 924,470 | 675,937 |

Ina theannta sin in 2020: asbhaineadh € 20,254 (2019: asbhaint € 24,284 a bhaineann le pinsean) ón bhfoireann trí ranníocaíochtaí aoisliúntais bhreise agus íocadh leis an Roinn Sláinte é.

Ba é líon iomlán na foirne a bhí fostaithe (WTE) ag deireadh na bliana an 31 Nollaig 2020 ná 11 (2019: 11).

(b) Tuarastail Foirne, Pinsean & Sochair Ghearrthéarmacha

| | 2020 € | 2019 € |
|---------------|----------------|----------------|
| Bunphá | 725,862 | 574,976 |
| Ragobair | - | - |
| Liúntais | - | - |
| Iomlán | 725,862 | 574,976 |

(c) Príomhphearsanra Bainistíochta

Tá príomhphearsanra bainistíochta san Údarás comhdhéanta de Chomhaltaí an Údaráis, an CE/R, an Ceann Airgeadais, an Ceann Gnóthaí Corparáideacha, an Ceann Gnóthaí Rialála agus an Ceann Taighde. Tá luach iomlán na sochar fostaithe do phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos:

| | 2020 € | 2019 € |
|--------------------------|----------------|----------------|
| Tuarastal | 539,906 | 407,481 |
| Liúntais | - | - |
| Sochair um fhoirceannadh | - | - |
| Árachas Sláinte | - | - |
| Iomlán | 539,906 | 407,481 |

Ní chuimsíonn sé seo luach na sochar scoir a thuilltear sa tréimhse. Is iad na príomhphearsanra bainistíochta baill de scéim phinsin an Údaráis Árachais Sláinte nó de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair agus ní shíneann a dteidlíochtaí ina leith sin níos mó ná téarmaí na scéime samhla pinsin seirbhíse poiblí nó Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair

(d) Tuarastal agus Sochair an Phríomhfheidhmeannaigh/an Chláraitheora

Seo a leanas an pacáiste luach saothair CE/R don tréimhse airgeadais:

| | 2020 € | 2019 € |
|--|----------------|----------------|
| CE/R atá ag dul as oifig 01/01/2020 - 07/12/2020 | 119,698 | 105,609 |
| CE/R nuacheaptha 08/12/2020 – 31/12/2020 | 5,397 | - |
| Iomlán | 125,095 | 105,609 |

Fuair an CE/R taisteal agus cothú do 2020 de € Nialas (2019: € 36).

Tá an CE/R nuacheaptha ina ball den Scéim Aoisliúntais d'Fhostaithe, agus ní shíneann a teidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí na scéime sin. Níl luach na sochar scoir a thuilltear sa tréimhse san áireamh sa mhéid thuas.

Tá an CE/R atá ag dul as oifig ina bhall de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair, agus ní shíneann a theidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí na scéime sin. Níl luach na sochar scoir a thuilltear sa tréimhse san áireamh sa mhéid thuas.

Ní bhfuair ceachtar CE/R aon pheorcaisí ná sochair in 2020.

5. Costais Chomhairleachta

| | 2020 € | 2019 € |
|--|----------------|----------------|
| Cuntasaíocht agus Iniúchadh Inmheánach | 112,300 | 48,010 |
| Seirbhísí Achtúireacha | 126,090 | 171,292 |
| Seirbhísí Díl | 143,072 | 199,712 |
| Cumarsáid | 50,496 | 44,317 |
| Taighde | 53,557 | 81,016 |
| Earcaíocht | 41,002 | 36,393 |
| Costais Athlonnaithe | 63,486 | 43,513 |
| Aoisliúntas | 2,809 | 2,263 |
| Seirbhísí Aistriúcháin | 2,349 | 3,860 |
| Comhairleacht eacnamaíochta | 60,360 | 52,040 |
| | 655,521 | 682,416 |

6. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

| | Ríomhaire Trealamh € | Feistiú Oifige, Trosán & Trealamh € | Láithreán Gréasáin Forbairt € | Oifig Feistiú € | Iomlán € |
|--------------------------------------|----------------------------|--|--|--------------------|----------------|
| Costas | | | | | |
| Amhail 31 Nollaig 2019 | 69,198 | 327,548 | 333,442 | 51,383 | 781,571 |
| Breisiúcháin le linn na bliana | 42,456 | 114,722 | - | 418,514 | 575,692 |
| Diúscairtí le linn na bliana | (23,263) | (320,621) | - | (50,848) | (394,732) |
| Amhail 31 Nollaig 2020 | 88,391 | 121,649 | 333,442 | 419,049 | 962,531 |
| Dímheas | | | | | |
| Amhail 31 Nollaig 2019 | 56,722 | 326,124 | 209,371 | 51,383 | 643,600 |
| Muirear don bhliain | 13,561 | 9,927 | 77,031 | 47,043 | 147,562 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (23,263) | (320,068) | - | (50,848) | (394,179) |
| Amhail 31 Nollaig 2020 | 47,020 | 15,983 | 286,402 | 47,578 | 396,983 |
| Glanluach de réir na Leabhar | | | | | |
| Amhail 31 Nollaig 2020 | 41,371 | 105,666 | 47,040 | 371,471 | 565,548 |
| Amhail 31 Nollaig 2019 | 12,476 | 1,424 | 124,071 | - | 137,971 |
| Maidir leis an mbliain roimhe | | | | | |
| Costas | | | | | |
| Amhail 31 Nollaig 2018 | 73,624 | 328,090 | 333,442 | 51,383 | 786,539 |
| Breisiúcháin le linn na bliana | 11,556 | 1,050 | - | - | 12,606 |
| Diúscairtí le linn na bliana | (15,982) | (1,592) | - | - | (17,574) |
| Amhail 31 Nollaig 2019 | 69,198 | 327,548 | 333,442 | 51,383 | 781,571 |
| Dímheas | | | | | |
| Amhail 31 Nollaig 2018 | 66,072 | 326,984 | 132,340 | 50,908 | 576,304 |
| Muirear don bhliain | 6,632 | 732 | 77,031 | 475 | 84,870 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (15,982) | (1,592) | - | - | (17,574) |
| Amhail 31 Nollaig 2019 | 56,722 | 326,124 | 209,371 | 51,383 | 643,600 |
| Glanluach de réir na Leabhar | | | | | |
| Amhail 31 Nollaig 2019 | 12,476 | 1,424 | 124,071 | - | 137,971 |
| Amhail 31 Nollaig 2018 | 7,552 | 1,106 | 201,102 | 475 | 210,235 |

7. Réamhíocaíochtaí agus Féichiúnaithe Eile

| | 2020 | 2019 |
|--|------------------|----------------|
| | € | € |
| Ioncam Fabhráithe | 632,379 | 608,284 |
| Ús Fabhráithe | 966 | 367 |
| Réamhíocaíochtaí agus Féichiúnaithe Eile | 28,897 | 40,392 |
| Cártaí Taistil / Rothar chuig an Obair | 591 | 2,673 |
| An Scéim Comhionannaithe Riosca | 354,815 | 202,868 |
| Féichiúnaithe Eile | 247,142 | 247,142 |
| | 1,220,516 | 898,858 |

8. Creidiúnaithe (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain)

| | 2020 | 2019 |
|--|------------------|------------------|
| | € | € |
| Creidiúnaithe trádála agus fabhrúithe | 650,099 | 666,143 |
| Soláthar pinsean (Nóta 10) | 2,279,899 | 2,208,778 |
| Tobhach pinsin | (22) | 4,174 |
| Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair | 8,904 | 11,348 |
| PAYE/PRSI | 13,414 | 8,199 |
| Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla | 11,194 | 5,337 |
| Cánachas Breisluacha | 298 | 2,605 |
| Creidiúnaithe Eile | 22,312 | - |
| | 2,986,098 | 2,906,584 |

9. Gealltanais faoi Léasanna Oibriúcháin

Tá oifigí ar cíos ag an Údarás Árachas Sláinte i dTeach Beau Lane, Sráid Mercer Íochtarach, Baile Átha Cliath 2 ar chostas € 219,655 don mhaoín agus € 8,920 do dhá spás páirceála do charranna. Rinne an tÚdarás léas 10 mbliana do na hoifigí i mí Dheireadh Fómhair 2019.

Ag deireadh na bliana, tá na gealltanais bhliantúla seo a leanas ag an Údarás atá dlite mar seo a leanas:

| | 2020 | 2019 |
|--|------------------|------------------|
| | € | € |
| laistigh de bhliain | 228,575 | 228,575 |
| Níos moille ná bliain ach laistigh de 5 bliana | 914,300 | 914,300 |
| Níos moille ná 5 bliana | 876,204 | 1,104,779 |
| | 2,019,079 | 2,247,654 |

Roimhe seo bhí oifigí ar cíos ag an Údarás Árachas Sláinte ag Teach na Canálach, Bóthar na Canálach, Baile Átha Cliath 6 ar chostas € 50,000 in aghaidh na bliana. Rinne an tÚdarás léas 10 mbliana do na hoifigí i mí na Bealtaine 2012. Chomhaontaigh an tÚdarás an léas a thréigean go luath agus d'fhág sé an t-áitreabh i mí na Bealtaine 2020. Tugadh méid € 250,000 ar ais don Údarás i 2019.

Ag deireadh na bliana, tá na gealltanais bhliantúla seo a leanas ag an Údarás atá dlite mar seo a leanas:

| | 2020 € | 2019€ |
|--|--------|---------------|
| laistigh de bhliain | - | 18,750 |
| Níos moille ná bliain ach laistigh de 5 bliana | - | - |
| Níos moille ná 5 bliana | - | - |
| | - | 18,750 |

10. Soláthar Pinsean

Oibríonn an tÚdarás dhá scéim pinsin; an Scéim Aoisliúntais d'Fhostaithe (d'fhostaithe roimh 2013) agus Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair. Tá gach fostaí nua don Údarás, ar iontrálaithe nua iad san Earnáil Phoiblí, an 1 Eanáir 2013 nó dá éis ina mbaill den Scéim Aonair.

(a) An Scéim Aoisliúntais d'Fhostaithe

Síníodh Scéim Aoisliúntais Fostaithe an Údaráis (IR 637 de 2016) ("an Scéim") an 21 Nollaig 2016 ina bhfuil na Rialacha atá leagtha amach sa sceideal a ghabhann leis na Rialacha um Rialacháin Chomhaltaí a bhí ann cheana féin do Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí 2014 (IR Uimh. 582 de) 2014) glactha mar Scéim chun sochair aoisliúntais a dheonú do bhaill foirne an Údaráis nó ina leith, lena n-áirítear an Cláráitheoir, de réir mar is iomchuí.

Tá ranníocaíochtaí fostóra ag ráta 25% den phá inphinsin agus gearrtar iad ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe. Coinnítear na ranníocaíochtaí carntha le haghaidh chuntas an Aire Sláinte.

Beidh teidlíochtaí sochair fostaithe mar fheidhm dá seirbhís leis an Údarás agus lena seirbhís roimhe seo sa státseirbhís nó sa tseirbhís phoiblí, nuair is iomchuí. Ní mhaoinítear an tÚdarás i leith teidlíochtaí sochair den sórt sin. Faoi threoir an Aire Sláinte, níl aon fhoráil déanta maidir le sochair iníochta sna blianta amach anseo.

(b) Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair

Tá baill foirne Iontrála nua atá fostaithe ag an Údarás tar éis 1 Eanáir 2013 ina mbaill den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair de réir an Achta um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Déanann an tÚdarás na hasbhaintí riachtanacha ó thuarastail na foirne atá mar chuid den scéim. Aistrítear ranníocaíochtaí fostaithe agus fostóirí chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar bhonn míosúil de réir an Achta um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

Seo a leanas an soláthar carntha pinsin ag deireadh na bliana:

| | 2020€ | 2019€ |
|---|------------------|------------------|
| Ag tús na tréimhse | 2,208,778 | 2,230,767 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe (asbhainte ó thuarastail) | 14,184 | 16,836 |
| Ranníocaíochtaí Fostóra (Nóta 3) | 68,727 | 84,988 |
| Coigeartú ar Ranníocaíochtaí | - | (70,925) |
| Pinsin Íochta | (11,790) | (52,888) |
| Iomlán | 2,279,899 | 2,208,778 |

Mar gheall ar aicmiú ranníocaíochtaí fostóra Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair mar ranníocaíochtaí fostóra aoisliúntais thar an tréimhse 2014 go 2018, rinneadh rósholáthar ar ranníocaíochtaí pinsin fostóra. Mar thoradh air seo rinneadh ró-ráiteas ar an soláthar pinsin faoi € 70,925 don tréimhse. Tugadh aghaidh air seo sa ráitis airgeadais 2019.

In 2020: asbhaineadh € 22,015 (2019: € 11,669) ón bhfoireann i leith Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair agus aistríodh í chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuireadh € 66,048 (2019: € 35,111) i ranníocaíochtaí fostóra chuig DPER freisin.

Is é an dliteanas pinsin don scéim aoisliúntais fostaithe amhail an 31 Nollaig 2020 ná € 3,500,000. Ní léirítear dliteanas pinsin na scéimeanna seo sna ráitis airgeadais seo.

11. Gealltanais Chaipitil

Ní raibh aon ghealltanais ann maidir le caiteachas caipitil amhail an 31 Nollaig 2020.

12. Nochtadh Páirtí Gaolmhar

Tá nósanna imeachta glactha ag an Údarás de réir na dtreoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltaí an Údaráis agus chloígh an tÚdarás leis na nósanna imeachta seo. Ní raibh aon idirbhearta ann i rith na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis a raibh leas ag Comhaltaí an Údaráis iontu.

13. An Scéim Comhionannaithe Riosca

Faoin Acht Árachais Sláinte (Leasú) 2012, foráiltear do bhunú an Chiste Comhionannaithe Riosca (an Ciste) ón 1 Eanáir 2013. Íocann árachóirí íocaíochtaí Dleachta Stampa le haghaidh beartas a thosaíonn nó a dhéantar a athnuachan ar an 1 Eanáir 2013 nó tar éis an dáta sin leis na Coimisinéirí Ioncaim, a aistríonn an t-airgead chuig an gCiste ina dhiaidh sin. Íocann an tÚdarás Árachas Sláinte Creidmheasanna Comhionannaithe Riosca, thar ceann na dtomhaltóirí, as an gCiste leis na gnóthais árachais sláinte. Ullmhaítear ráitis airgeadais ar leithligh maidir leis an gCiste ar bhonn bliantúil. Tá an tÚdarás freagrach as an gCiste a riar agus a chothabháil.

Níl aon fhostaithe fostaithe go díreach ag an gCiste. Ghearr an tÚdarás costais iomlána € 293,463 (2019: € 211,905) i leith an Chiste do 2020 mar a leanas:

Cineál an chostais iomlán athghearrtha ar an gCiste

| | 2020 € | 2019 € |
|--|----------------|----------------|
| Tuarastal agus costais foirne | 190,294 | 137,549 |
| Cíos, táillí seirbhíse agus cothabháil | 54,326 | 27,889 |
| Costais ríomhaireachta agus pháipéarachais | 5,111 | 4,837 |
| Costais eile riaracháin | 43,732 | 41,630 |
| Costais eile chomhairleachta | - | - |
| | 293,463 | 211,905 |

14. Formheas na Ráiteas Airgeadais

D'fhormheas an tÚdarás na Ráitis Airgeadais ar an 25 lá de Meitheamh 2021.

9.2 Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais an Chiste um Chothromú Fiontar 2020 don bhliain dar críoch an 1 Eanáir 2020 go 31 Nollaig 2020

Don Aire Sláinte

I gcomhréir le téarmaí an Achta um Árachas Sláinte 1994 (arna leasú), cuireann an tÚdarás Árachais Sláinte Ráitis Airgeadais an Chiste um Chothromú Fiontar i láthair don tréimhse 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2020.

An Ciste um Chothromú Fiontar ("an Ciste") Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

| | |
|--|-------------------|
| Clár na nÁbhar | Leathanach |
| Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste..... | 61 |
| Ráiteas maidir le Freagrachtaí..... | 64-65 |
| Ráitis Airgeadais | 66-79 |

An Ciste um Chothromú Fiontar

Ráiteas maidir le Freagrachtaí

In Alt 11D(8) den Acht um Árachas Sláinte 1994 (arna leasú) (an ‘tAcht’), ceanglaítear ar an Údarás Árachais Sláinte (an ‘tÚdarás’) ráitis airgeadais i ndáil leis an gCiste um Chothromú Fiontar (an ‘Ciste’) a ullmhú. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- Beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ina dhiaidh sin;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- A shonrú cibé ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a shainaithint, agus an éifeacht agus an chúis as imeacht ábhartha ar bith ó na caighdeáin sin a shonrú; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh an Ciste i mbun oibre.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chuntais chuí a choimeád ina mínítear agus ina dtaifeadtar idirbhearta an Chiste i gceart, lena féidir ag tráth ar bith sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Chiste a dhearbhu go cruinn réasúnta agus lena féidir leis a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 11D(8) den Acht. Tá an tÚdarás freagrach freisin as sócmhainní an Chiste a chosaint agus dá bhrí sin as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



Sheelagh Malin
Cathaoirleach



Michael A. O'Sullivan
Ball

28 lá de Meitheamh 2021

Dáta

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste An tArd Reachtair Cuntas agus Ciste An tArd Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Ciste Comhionannaithe Riosca

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Chiste Chomhionannaithe Riosca arna n-ullmhú ag an Údarás Árachais Sláinte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 11D (9) den Acht Árachais Sláinte 1994 (arna leasú). Tá na Ráitis Airgeadais comhdhéanta de

- ráiteas ar chaiteachas agus ioncam agus ar cúlchistí ioncaim coinnithe
- ráiteas ar an staid airgeadais
- ráiteas ar sreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasáíochta shuntasacha.

Is é mo thuairim go dtugtar léargas fíor agus cothrom leis na ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Chiste amhail an 31 Nollaig 2020 agus ar a ioncam agus a chaiteachas do 2020 de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 - An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann.

Bonn na Tuairime


Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht (ISAnna) arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Iniúcháireachta Uachtaraí. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ón Údarás Árachais Sláinte agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticíúla eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus iomchuí í an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bunús a sholáthar do mo thuairim.

Tuairisciú ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Chuir an tÚdarás Árachais Sláinte na ráitis airgeadais i láthair mar aon le faisnéis áirithe a bhaineann le hoibriú an Chiste. Cuimsítear leis sin tuarascáil bhliantúil an Údaráis, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Údaráis, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú i ndáil le faisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile a dtuairiscím orthu go heisceachtúil.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.



Seamus McCarthy

An tArd Reachtair Cuntas agus Ciste

An 30 Meitheamh 2021

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Údaráis Árachas Sláinte

De réir mar atá sonraithe sa ráiteas freagrachtaí don Chiste, tá comhaltaí an Údaráis freagrach as na nithe a leanas:

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 11 D (8) den Acht
- chun a áirithiú go dtugtar léargas cóir agus cothrom leis na ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- chun a áirithiú go ndéantar idirbhearta de réir rialtacht
- measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht úsáid na cuntasáíochta ar bhonn an ghnóthais leantaigh, agus
- a leithéid de rialú inmheánach a chur a i bhfeidhm agus a mheasann siad riachtanach ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh is de thoradh calaoise nó earráide

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi alt 11 D (9) den Acht iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Chiste agus chun tuarascáil ina leith a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor

ó mhíshonrú ábhartha de thoradh calaoise nó earráide. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ionann sé agus ráthaíocht go mbraithfeadh míshonrú ábhartha atá ann trí iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna. D'fhéadfadh míshonruithe eascairt as calaois nó as earráid agus meastar gur ábhartha iad más féidir, ina n-aonar nó ina n-iomláine, go mbeifí ag súil go réasúnta go n-imreofaí tionchar leo ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a ghlacfaí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, cuirim breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Trí sin a dhéanamh,

- Déanaim na rioscaí a shainaithe agus a mheasúnú a bhaineann le míshonrú na ráiteas airgeadais cé acu an raibh sé nó nach raibh sé de thoradh ar chalaos nó ar earráid; déanaim nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm atá freagrúil i leith na rioscaí sin; agus aimsíonn fianaise i leith an iniúchta atá imleor agus iomchuí chun bunús a sholáthar le mo thuairim. Tá riosca níos airde ann nach mbraitear míshonrú ábhartha mar thoradh ar chalaos ná mar thoradh ar earráid, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha d'aon ghnó, nó sárú rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí áirithe, ach ní chun críocha tuairim a thabhairt maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measaim oiriúnacht na mbeartas cuntasáíochta as a mbaintear úsáid agus réasúntacht na meastachán cuntasáíochta agus na nochtuithe gaolmhara.
- Bainim tátal maidir le hoiriúnacht úsáid na cuntasáíochta ar bhonn an ghnóthais leantaigh, agus ar bhonn na fianaise iniúchta a aimsítear, maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó le cúinsí lena bhféadfaí amhras suntasach a chaitheamh ar ábaltacht an Chiste leanúint mar ghnóthas leantach. Más é an tátal a bhainim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, más neamhimleor a leithéid de nochtuithe, éilítear orm mo thuairim a athrú. Tá na tátail de mo chuid bunaithe ar an bhfianaise a aimsíodh suas le dáta mo thuarascála. Ina dhiaidh sin is uile, mar gheall ar theagmhais nó ar chúinsí amach anseo d'fhéadfadh sé nach mbeadh an Ciste in ann leanúint mar ghnóthas leantach.
- Measaim cur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais, agus nochtuithe san áireamh, agus cé acu an léirítear nó nach léirítear leis na ráitis airgeadais na hidirbhearta bunúsacha agus teagmhais bhunúsacha ar bhealach lena ndéantar léiriú cothrom a bhaint amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil rialachas mar fhreagracht acu maidir leis na nithe a leanas, i measc nithe eile: raon feidhme agus uainiú an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith maidir le rialú inmheánach a shainaithe le linn an iniúchta de mo chuid.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Leis an tuairim de mo chuid ní chumhdaítear an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní léirímh tatal dearbhaithe ar bith ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm i gcomhréir leis na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus trí sin a dhéanamh, breithnímh má tá an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más ionann í sin agus míshonrú ar shlí eile de réir cosúlachta. Más é an tatal a bhainim, ar bhonn na hoibre atá déanta agam, go ndearnadh an fhaisnéis eile sin a mhíshonrú go hábhartha, ní mór dom an fhíríc sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh agus tagairt á déanamh do na cúrsaí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus lena n-oibriú. Tuairiscím má shainaithnímh cúrsaí ábhartha a bhaineann leis an dóigh a ndearnadh gnó poiblí a chur i bhfeidhm.

Déanaim iarracht fianaise a aimsiú maidir le rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má shainaithnímh cás ábhartha ar bith nuair nach ndearnadh airgead poiblí a úsáid chun na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis lena rialaítear iad.

Tuairiscím na nithe a leanas, trí eisceacht, más í mo thuairim í:

- Ní bhfuair mé an fhaisnéis uile agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- ní raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun ligean dom na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus go ceart, nó níl na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

An Ciste um Chothromú Fiontar

An Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2020 €'000 | 12 mhí dar críoch anan 31 Nollaig 2019 €'000 |
|---|-------|--|--|
| Ioncam | | | |
| Dleacht stampála | 2 | 770,799 | 752,328 |
| Caiteachas | | | |
| Creidmheas préimhe um chothromú riosca | 3 | 629,393 | 602,959 |
| Creidmheas úsáide ospidéil | 4 | 102,795 | 140,254 |
| Costais foirne agus costais eile | 5 | 393 | 271 |
| Caiteachas iomlán | | 732,511 | 743,484 |
| Barrachas ioncaim thar chaiteachas | | 38,288 | 8,844 |
| Barrachas don bhliain | | 38,288 | 8,844 |
| Cúlchistí ioncaim coimeádta ag tús na bliana | | 47,810 | 38,966 |
| Cúlchistí ioncaim coimeádta ag deireadh na bliana | | 86,098 | 47,810 |



Sheelagh Malin
Cathaoirleach



Michael A. O'Sullivan
Ball

28 lá de Meitheamh 2021

Dáta

Tá na nótaí 1 go 11 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

An Ciste um Chothromú Fiontar

Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|-------|---------------|---------------|
| Sócmhainní Reatha | | | |
| Éarlaisí gearrthéarmacha | 6 | 324,003 | 291,038 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | | 16 | 40 |
| Réamhíocaíochtaí agus féichiúnaithe eile | 7 | 231,975 | 220,489 |
| | | 555,994 | 511,667 |
| Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin) | | | |
| Creidiúnaithe agus fabhruithe | 8 | (430,712) | (416,796) |
| Soláthar creidmheasanna úsáide ospidéal | 9 | (39,184) | (47,061) |
| | | (469,896) | (463,857) |
| Glansócmhainní | | 86,098 | 47,810 |
| Léirithe ag | | | |
| Cúlchistí ioncaim coimeádta | | 86,098 | 47,810 |



Sheelagh Malin
Cathaoirleach



Michael A. O'Sullivan
Ball

28 lá de Meitheamh 2021

Dáta

Tá na nótaí 1 go 11 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

An Ciste um Chothromú Fiontar

Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|-------|---------------|---------------|
| Réiteach an bharrachais ioncaim thar chaiteachas leis an nglansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | | |
| Barrachas ioncaim thar chaiteachas don bhliain | | 38,288 | 8,844 |
| Méadú ar fhéichiúnaithe | 7 | (11,486) | (5,325) |
| Méadú ar chreidiúnaithe | 8 & 9 | 6,039 | 16,903 |
| Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | 32,841 | 20,422 |
| Insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe | | | |
| Ús bainc a fuarthas | | - | - |
| Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe | | - | - |
| Méadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | | 32,841 | 20,422 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir | | 291,178 | 270,756 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig | | 324,019 | 291,078 |
| Méadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | | 32,841 | 20,422 |



Sheelagh Malin
Cathaoirleach



Michael A. O'Sullivan
Ball

28 lá de Meitheamh 2021

Dáta

Tá na nótaí 1 go 11 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

An Ciste um Chothromú Fiontar

Nótaí (ina gcuid de na ráitis airgeadais)

1. Beartais Chuntasaíochta

Tá na beartais chuntasaíochta shuntasacha a cuireadh i bhfeidhm in ullmhú na ráiteas airgeadais sin leagtha amach thíos. Cuireadh na beartais i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na blianta ar fad a cuireadh i láthair mura sonraítear a mhalairt.

Bunús an Ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais go cuí de réir Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102, “An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann” (“FRS 102”). Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe na cuntasaíochta i gcomhréir leis an gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Tá ráitis airgeadais an Chiste léirithe in Euro (“€’000”), arb é sin airgeadra feidhmiúil an Chiste chomh maith.

Eolas Ginearálta

Rinneadh foráil san Acht um Árachas Sláinte 1994, arna leasú, leis an Acht um Árachas Sláinte 2012 (Arna Leasú), i leith cothromú fiontair trína bhfaigheann gnóthais chláráithe creidmheasanna i ndáil le ranguithe áirithe daoine árachaithe ionas nach mbaileoidh siad préimh atá iníoctha i ndáil le soláthar árachais sláinte leis an duine aonair. Déantar foráil in Acht 2012 le haghaidh an Ciste um Chothromú Fiontar (an Ciste) a bhunú chomh maith.

Tá an tÚdarás freagrach as an gCiste um Chothromú Fiontar a bhunú, a riar agus a chothabháil. Tá Comhaltaí an Údarás freagrach as na ráitis airgeadais don Chiste a sholáthar agus a fhaomhadh. Tá an tÚdarás freagrach as údarú agus as faomhadh idirbhearta uile an Chiste. Tá sonraí maidir le córais rialachais agus rialaithe na Údarás leagtha amach sa Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach agus an Ráiteas um Rialachas arna nochtadh i ráitis airgeadais an Údarás.

Rinneadh foráil san Acht go n-íocfaí an dleacht stampála ar fad trí bhua Alt 125A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampála, 1999 i ndáil le conarthaí árachais sláinte a tosaíodh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin isteach sa Chiste.

Áirítear le híocaíochtaí as an gCiste:

- Creidmheas préimhe um chothromú fiontar – ní théann an leibhéal riosca a chuireann tomhaltóir as comhair gnóthais cláráithe i gcion ar an bpréimh a íocadh. Gearrtar an phréimh chéanna ar na daoine árachaithe ar fad le haghaidh plean faoi leith, beag beann ar an aois, inscne agus staid reatha nó dhóchúil a sláinte faoi réir eisceachtaí i ndáil le leanaí faoi 18 mbliana d’aois, lascaíní do bhaill i scéimghrúpaí, aosaigh óga agus ualú pobalrátúcháin saoil. Soláthraítear sa Chiste um Chothromú Fiontar go bhfaighidh gnóthais chláráithe préimheanna níos airde i ndáil le daoine scothaosta, agus daoine nach bhfuil chomh sláintiúil go ginearálta a árachú, agus an méid níos airde a íoc trí chreidmheas préimhe um chothromú fiontar ón gCiste. Bíonn an leibhéal creidmheasanna um chothromú riosca atá iníoctha ón gCiste maidir le préimheanna éagsúil ar bhonn aoise, inscne agus an leibhéal cumhdaigh.
- Creidmheas úsáid ospidéal – tá méid sonrach iníoctha ón gCiste maidir le gach seal a chaitheann duine árachaithe i gcóiríocht ospidéal phríobháidigh nó in ospidéal atá maoinithe go poiblí i gcás go bhfuil muirear iníoctha faoi Alt 55 den Acht um Árachas Sláinte 1970 le haghaidh fanacht dá leithéid.
- Bhí an Scéim um Chothromú Rioscaí le hathnuaite in 2020. Mar gheall ar phaindéim Covid-19 agus an poitéinseal atá ann tionchar a imirt ar an margadh árachais sláinte phríobháidigh, chinn an Roinn Sláinte síneadh a chur leis an scéim atá ann cheana go dtí an 31 Márta 2022. dheimhnigh an Coimisiún Eorpach i mí na Nollag 2020 nach raibh aon agóid acu i gcoinne fhadú na Scéime um Chothromú Rioscaí go dtí an 31 Márta 2022.

Tréimhse Chuntasaíochta

Baineann na ráitis airgeadais leis an mbliain ón 1 Eanáir 2019 go 31 Nollaig 2020.

Ioncam

Aithnítear Dleacht Stampála sna ráitis airgeadais thar théarma an chonartha árachais ábhartha, agus glactar leis gurb é sin dhá mhí dhéag i ngach cás. Íocann gnóthais chláráithe dleacht stampála ar bheartais a thosaíonn an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin leis na Coimisinéirí Ioncaim ar bhonn ráithiúil. Íoctar an dleacht stampála leis an gCiste ansin. Déantar fáiltas an Chiste sa bhliain airgeadais a choigeartú ansin chun an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- Dleacht stampála fabhráithe arb ionann é agus an dleacht stampála amuigh atá dlite don Chiste ag deireadh na bliana agus arb ionann é agus na méideanna atá iníoctha ag na gnóthais chláráithe i ndáil leis an ráithe dheireanach den bhliain airgeadais. Taifeadfar an méid sin mar fhéichiúnaí leis an gCiste.
- Is ionann dleacht stampála nár tuilleadh agus cion measta na dleachta stampála a íocadh isteach sa Chiste le linn na bliana airgeadais agus a fabhraíodh ag deireadh na bliana a bhaineann le téarma neamhéagtha na gconarthaí árachais ábhartha ag dáta an tuairiscithe. Taifeadtar an méid sin mar dhleacht stampála nár tuilleadh ag dáta an tuairiscithe (féach Nóta 7 – Creidiúnaithe agus fabhrúithe).

Aitheantas Caiteachais

Aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe de réir mar a thabhaítear é.

Creidmheas Préimhe um Chothromú Riosca

Tugtar cuntas ar chreidmheas préimhe um chothromú riosca ar bhonn fabhráithe. Éilíonn gnóthais chláráithe creidmheas préimhe um chothromú riosca ón gCiste ar bhonn míosúil. Agus an méid atá le haithint mar speansas sa bhliain airgeadais á chinneadh, déantar na méideanna a íoctar ón gCiste a choigeartú ansin an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- Méideanna a éilíodh agus atá iníoctha le gnóthais chláráithe nár íocadh ag dáta an tuairiscithe.
- Creidmheas préimhe um chothromú riosca nár cuireadh leis an gcaiteachas – íocann formhór daoine aonair polasaithe árachais i dtráthchodanna míosúla nó gach bliain roimh ré. Cuirtear creidmheasanna a éilítear i ndáil le tráthchodanna míosúla leis an gcaiteachas an mhí lena mbaineann an t-éileamh. Cuirtear creidmheasanna a éilítear le haghaidh polasaithe a íoctar go bliantúil roimh ré ar an gcaiteachas go haonfhoirmeach thar an dhá mhí dhéag den chonradh. Ag dáta an tuairiscithe aithnítear méideanna ar bith a íocadh le gnóthais chláráithe nár cuireadh leis an gcaiteachas mar fhéichiúnaí (féach Nóta 3).

Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

Agus na ráitis airgeadais a n-ullmhú ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana áirithe a dhéanamh a théann i gcion ar na méideanna a tuairiscíodh le haghaidh na sócmhainní agus na ndliteanas ag dáta an tuairiscithe agus na méideanna a tuairiscíodh le haghaidh ioncaim agus costas le linn na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn cineál na mheastacháin go bhféadfadh difear a bheith idir na torthaí iarbhir agus na meastacháin sin. Tá an éifeacht is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Ba cheart go mbeadh an leibhéal cúlchistí i ndáil le héilimh amach anseo atá cuimsithe sna ráitis airgeadais chomh láidir leis an meastachán is fearr ar a laghad agus ba cheart gur leor é i gcónaí chun dliteanas ar bith a chumhdach a eascraíonn as eachtraí ospidéal atá le héileamh fós a mhéid is féidir a thuar go réasúnta. Déantar soláthar an chreidmheasa úsáide ospidéal a ríomh ar bhonn comhairle achtúireach neamhspleách ag baint úsáid as líon teicnící achtúireacha a bhfuil glacadh leo chun teacht ar an meastachán lárnach agus a raon meastachán réasúnta. Tá an soláthar a taifeadadh sna ráitis airgeadais chomh láidir ar a laghad leis an meastachán is fearr a fhaightear ag baint úsáid as na modhanna achtúireacha a bhfuil glacadh leo.

Creidmheas Úsáide Ospidéal

Tugtar cuntas ar chreidmheas úsáide ospidéal ar bhonn fabhráithe. Agus an méid atá le haithint mar speansas sa bhliain airgeadais á chinneadh, déantar na méideanna a íoctar ón gCiste a choigeartú ansin an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- Méideanna a éilíonn gnóthais chláráithe agus atá iníoctha leo nár íocadh ag dáta an tuairiscithe.
- Soláthar le haghaidh creidmheas úsáide ospidéal a eascraíonn i ndáil le heachtraí ospidéal a tharla sa bhliain airgeadais ach nár éiligh gnóthais chláráithe ag deireadh na bliana. Glactar leis sa soláthar go bhfuil an líon oícheanna agus laethanta i gcóiríocht ospidéal phríobháidigh aonfhoirmeach ar fud na gconarthaí a thosaíonn ar dhátaí éagsúla agus go dtarlaíonn an t-ospidéalú go haonfhoirmeach ar fud thréimhse an pholasaí. D’fhéadfaí an-difear a bheith sa tréimhse socraíochta ó éilimh ospidéal. Mar thoradh air sin d’fhéadfadh gnóthais chláráithe éileamh a dhéanamh ar chreidmheas úsáide ospidéal bliain nó níos mó i ndiaidh eachtra ospidéal.
- Coigeartú i ndáil le tearc-sholáthar nó ró-sholáthar ar bith le haghaidh creidmheasanna nár éilíodh i ndáil le blianta airgeadais roimhe sin atá fós amuigh ag dáta an tuairiscithe.

2. Ioncam

Íocann gnóthais chláráithe íocaíocht dleachta stampála le haghaidh beartas a thosaíonn nó a athnuaitear an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh leis na Coimisinéirí Ioncaim agus aistríonn siad sin an t-airgead chuig an gCiste um Chothromú Fiontair ansin.

| | 2020 | 2019 |
|--|----------------|----------------|
| | €000 | €000 |
| Dleacht stampála a íocadh isteach sa Chiste. | 773,824 | 757,721 |
| Gluaiseacht dleachta stampála infhála sa bhliain | 9,332 | 4,430 |
| Gluaiseacht dleachta stampála nár tuilleadh sa bhliain | (12,357) | (9,823) |
| | 770,799 | 752,328 |

3. Creidmheas Prémhe um Chothromú Riosca

| | 2020 | 2019 |
|--|----------------|----------------|
| | €000 | €000 |
| Íocaíochtaí a rinneadh le gnóthais chláráithe | 626,893 | 602,816 |
| Creidmheas prémhe um chothromú riosca atá iníoctha le gluaiseacht gnóthas cláráithe sa bhliain | 4,654 | 1,038 |
| Creidmheas prémhe um chothromú riosca nár cuireadh leis an gcaiteachas sa bhliain | (2,154) | (895) |
| | 629,393 | 602,959 |

4. Creidmheas Úsáide Ospidéil

| | 2020 | 2019 |
|---|---------|---------|
| | €000 | €000 |
| Íocaíochtaí a rinneadh le gnóthais chláráithe | 113,805 | 134,226 |
| Creidmheas úsáide ospidéil atá iníoctha le gluaiseacht gnóthas cláráithe sa bhliain | (3,203) | 2,187 |
| Gluaiseacht um sholáthar creidmheasa úsáide ospidéil sa bhliain | (7,877) | 3,841 |
| | 102,725 | 140,254 |

Is féidir a mheas go bhfuil an laghdú ar chreidmheas úsáid an ospidéil sa tréimhse tuairiscithe reatha inchurtha i leith Covid-19, go príomha mar gheall ar náisiúnú na nOspidéal Príobháideach ó Aibreán - Meitheamh 2020 agus nósanna imeachta máinliachta neamhriachtanacha a chur ar ceal i suíomhanna ospidéil phríobháideacha agus phoiblí araon.

5. Costais Foirne agus Costais Eile

| | 2020 | 2019 |
|--|-------|-------|
| | €'000 | €'000 |
| Costais athmhúirearaithe an Údaráis Árachais Sláinte: | | |
| Costais tuarastail agus foirne | 180 | 126 |
| Costais oiliúna | 2 | 7 |
| Táillí na Stiúrthóirí | 7 | 4 |
| Cíos, muirear seirbhíse agus cothabháil | 52 | 22 |
| Árachas | 5 | 6 |
| Ríomhaireacht agus páipéarachas | 5 | 5 |
| Costais riaracháin eile | 15 | 26 |
| Dímheas | 27 | 15 |
| | 293 | 211 |
| Cistí a gearradh díreach ar an gCiste: | | |
| Iniúcháireacht | 9 | 9 |
| Cuntasaíocht | 15 | 6 |
| Achtúireach | 36 | 19 |
| Árachas | 2 | 2 |
| | 62 | 36 |
| Costais a thabhaigh an Ciste go díreach: | | |
| Táillí Bainc | 38 | 24 |
| | 393 | 271 |

6. Éarlaisí Gearrthéarmacha

Cuimsíonn taiscí gearrthéarmacha infheistíochtaí i nótaí státchiste arna n-eisiúint ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Is anna gearrthéarmacha úis iad nótaí státchiste. Féadfar farasbarr ioncaim, caipitil nó sochair eile a fhaightear nach bhfuil ag teastáil láithreach chun críocha an Chiste a infheistiú i nótaí státchiste. Sa timpeallacht ráta úis íseal reatha ní raibh aon ús tuillte ar na Nótaí Státchiste don tréimhse (2019: €0.00).

7. Réamhíocaíochtaí agus Féichiúnaithe Eile

| | 2020 | 2019 |
|---|----------------|----------------|
| | €000 | €000 |
| Creidmheas préimhe um chothromú riosca nár cuireadh ar an gcaiteachas | 58,503 | 56,349 |
| Dleacht stampála infhála fabhráithe | 173,472 | 164,140 |
| | 231,975 | 220,489 |

8. Creidiúnaithe agus Fabhrúithe

| | 2020 | 2019 |
|---|----------------|----------------|
| | €000 | €000 |
| Dleacht stampála nár tuilleadh | 308,517 | 296,160 |
| Creidmheas préimhe um chothromú riosca atá iníoctha | 101,905 | 97,252 |
| Creidmheas úsáide ospidéil atá iníoctha | 19,935 | 23,138 |
| An tÚdarás Árachais Sláinte | 355 | 246 |
| | 430,712 | 416,796 |

9. Soláthar um Chreidmheas Úsáide Ospidéil

| | 2020 | 2019 |
|-------------------------------|---------------|---------------|
| | €000 | €000 |
| Ag tús na bliana | 47,061 | 43,220 |
| Ag eascairt le linn na bliana | 102,715 | 140,254 |
| Úsáidte le linn na bliana | (110,602) | (136,413) |
| Ag deireadh na bliana | 39,184 | 47,061 |

10. Staid Airgeadais an Chiste um Chothromú Fiontar

De réir an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta, b'ionann na cúlchistí coimeádta agus €86.09m (2019: €47.81m). Cuirtear barrachas nó easnamh a eascraíonn i ndáil le tréimhsí conarthaí reatha nó san am a chuaigh thart san áireamh agus moltaí á ndéanamh leis an Aire maidir le creidmheasanna um chothromú fiontar agus dleacht stampála.

Amhail an 31 Nollaig 2020, bhí airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim de €324m (2019: €291m) sa Chiste um Chothromú Fiontar.

11. Nochtadh Leasanna

Ghlac an tÚdarás nósanna imeachta de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtaca le nochtadh leasanna ag Comhaltaí an Údaráis agus chloígh an tÚdarás leis na nósanna imeachta sin. Ní raibh aon idirbhearta ann le linn na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Chiste ina raibh aon leas ag Comhaltaí an Údaráis.

12. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais an 25 lá de Meitheamh 2021

10

Aguisíní



Aguisín A - Staitisticí a Bhaineann leis an Margadh Árachais Sláinte Príobháideach in Éirinn, 2020

Tábla 1: Daoine Árachaithe

| Bliain dar críoch | Iomlán na nDaoine Árachaithe (000i) | Clúdach Árachais Sláinte Príobháideach mar % den Daonra |
|-------------------|-------------------------------------|---|
| Noll-01 | 1,871 | 48.20% |
| Noll-02 | 1,941 | 49.20% |
| Noll-03 | 1,999 | 49.80% |
| Noll-04 | 2,054 | 50.20% |
| Noll-05 | 2,115 | 50.40% |
| Noll-06 | 2,174 | 50.30% |
| Noll-07 | 2,245 | 50.50% |
| Noll-08 | 2,297 | 50.90% |
| Noll-09 | 2,260 | 49.70% |
| Noll-10 | 2,228 | 48.80% |
| Noll-11 | 2,163 | 47.20% |
| Noll-12 | 2,099 | 45.60% |
| Noll-13 | 2,049 | 44.30% |
| Noll-14 | 2,025 | 43.40% |
| Noll-15 | 2,122 | 45.00% |
| Noll-16 | 2,152 | 45.20% |
| Noll-17 | 2,174 | 45.10% |
| Noll-18 | 2,220 | 45.50% |
| Noll-19 | 2,276 | 46.00% |
| Noll-20 | 2,312 | 46.20% |

Tábla 2: Ioncam Préimhe

| Bliain | Ioncam Iomlán (€m) | Bliain | Ioncam Iomlán ‡ (€m) |
|--------|--------------------|--------|----------------------|
| 2002 | 821.9 | 2010 | 1,949.1 |
| 2003 | 978.2 | 2011 | 2,061.4 |
| 2004 | 1,061.1 | 2012 | 2,240.7 |
| 2005 | 1,152.7 | 2013 | 2,388.5 |
| 2006 | 1,299.5 | 2014 | 2,444.9 |
| 2007 | 1,477.8 | 2015 | 2,462.4 |
| 2008 | 1,652.2 | 2016 | 2,528.0 |
| 2009 | 1,846.7 | 2017 | 2,655.0 |
| | | 2018 | 2,678.4 |
| | | 2019 | 2,716.5 |
| | | 2020 | 2,638.5* |

‡ lena n-áirítear HSF ó 2011 nuair a cláraíodh iad leis an Údarás don chéad uair

*rinneadh aisíocaíochtaí suntasacha le custaiméirí in 2020 mar gheall ar thionchar Covid-19 ar acmhainn cóireála ospidéal príobháideach.

Tábla 3: Sciарtha den Mhargadh+

Taispeántar sa tábla a leanas an chaoi ar athraíodh sciарtha an mhargaidh ó bunaíodh an tÚdarás.

| Nollaig | Irish Life Health*† % | Laya Healthcare** % | Vhi Healthcare % | GloHealth† % | Gnóthais Bhallaíochta Shrianta*** |
|---------|--------------------------|------------------------|---------------------|-----------------|-----------------------------------|
| 2001 | – | 13% | 82% | – | 5% |
| 2002 | – | 15% | 80% | – | 5% |
| 2003 | – | 17% | 78% | – | 5% |
| 2004 | – | 19% | 76% | – | 5% |
| 2005 | 1% | 21% | 74% | – | 4% |
| 2006 | 3% | 21% | 72% | – | 4% |
| 2007 | 5% | 21% | 70% | – | 4% |
| 2008 | 8% | 22% | 67% | – | 4% |
| 2009 | 10% | 23% | 63% | – | 4% |
| 2010 | 14% | 21% | 62% | – | 4% |
| 2011 | 18% | 21% | 57% | – | 4% |
| 2012 | 17% | 22% | 56% | 1% | 4% |
| 2013 | 15% | 23% | 54% | 4% | 4% |
| 2014 | 15% | 23% | 53% | 5% | 4% |
| 2015 | 14% | 26% | 51% | 5% | 4% |
| 2016 | 14% | 26% | 50% | 6% | 4% |
| 2017 | 20% | 26% | 50% | - | 4% |
| 2018 | 20% | 26% | 50% | | 4% |
| 2019 | 20% | 26% | 50% | | 4% |
| 2020 | 20% | 27% | 49% | | 4% |

+ Líon na ndaoine árachaithe le clúdach othar cónaithe

* Maidir le 2015 agus leis na blianta roimhe sin, baineann na sonraí le Aviva Health. Roimh 2008, tugadh VIVAS Health air.


** Maidir le 2012, is iad na sonraí suim sciарtha margaidh ag Quinn Insurance Ltd (Faoi Riarachán) agus ag Elips Insurance Ltd. Baineann blianta roimhe seo le Quinn Healthcare nó BUPA Ireland (2006 agus níos luaithe).

*** Is éard atá iontu seo Scéimeanna an Gharda Síochána, BSL agus Oifigeach Príosún den chuid is mó.

† Cheannaigh Irish Life Health GloHealth in 2017. Cheannaigh Irish Life Aviva Health in 2016.

Aguisín B - Éagsúlacht Éilimh de réir Aoise

Éilimh a áiríodh i dTuairisceáin in aghaidh an Duine Árachaithe in 2020



Aguisín C - Struchtúr Aoise an Mhargaidh

Taispeántar sa tábla seo a leanas an chaoi ar athraíodh struchtúr aoise an mhargaidh ó dheireadh 2017. Tá na táblaí sa chuid seo bunaithe ar thuairisceáin faisnéise a fuarthas ó Ghnóthais Bhallraíochta Oscailte. Tá na sonraí sna tuairisceáin seo difriúil ó na sonraí a áiríodh i dtáblaí níos luaithe sa mhéid is go bhfolaíonn sé daoine atá ag freastal ar thréimhsí feithimh tosaigh, daoine atá árachaithe le Gnéthais Bhallraíochta Shrianta agus daoine atá árachaithe le táirgí nach bhfuil faoi réir na dleachta stampa árachais sláinte agus na gcreidmheasanna sláinte a bhaineann le haois.

Líon na nDaoine Árachaithe in 000í

| Aoisghrúpa | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|------------|------|------|------|------|
| 0-17 | 481 | 494 | 504 | 505 |
| 18-29 | 221 | 234 | 248 | 260 |
| 30-39 | 285 | 287 | 289 | 287 |
| 40-49 | 328 | 337 | 346 | 352 |
| 50-59 | 286 | 290 | 296 | 300 |
| 60-69 | 236 | 240 | 245 | 249 |
| 70-79 | 149 | 157 | 165 | 171 |
| 80+ | 63 | 67 | 72 | 76 |

Taispeántar sa tábla seo a leanas an chaoi ar athraíodh sciartha an mhargaidh de réir aoise ag deireadh 2020. Tagraíonn an tábla thíos do Ghnóthais Bhallraíochta Oscailte amháin agus ní chuimsíonn sé na Gnéthais Bhallraíochta Shrianta.

| Aoisghrúpa | Irish Life Health | Laya Healthcare | Vhi Healthcare |
|------------|-------------------|-----------------|----------------|
| | % | % | % |
| 0-49 | 23% | 28% | 49% |
| 50-59 | 21% | 27% | 52% |
| 60-69 | 20% | 29% | 51% |
| 70-79 | 15% | 28% | 58% |
| 80+ | 9% | 17% | 74% |
| Total | 21% | 28% | 51% |

Aguisín D

An Clár um Ghnóthais Sochar Sláinte amhail 31 Nollaig 2020

Gnéthais Bhallraíochta Shrianta

1. Irish Life Health DAC (ag trádáil mar Irish Life Health);
2. Elips Versicherungen AG (Elips Insurances Ltd.) (ag trádáil mar Laya Healthcare);
3. H.S.F. Health Plan Limited (ag trádáil mar Hospital Saturday Fund);
4. Vhi Insurance DAC (ag trádáil mar Vhi Healthcare); and
5. an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh.

Gnéthais Bhallraíochta Shrianta

1. Ciste Soláthraithe Leighis Foirne BSL;
2. Cumann Leighis Deonach Goulding;
3. Ciste Carthanachta Foirne Allamuigh Irish Life Assurance plc;
4. Cumann Cúnaimh Leighis Irish Life;
5. Ciste Carthanachta Foirne New Ireland/Irish National;
6. Cumann Cúnaimh Leighis na nOifigeach Príosúin; agus
7. Cumann Cúnaimh Leighis Garda Naomh Pól

Aguisín E - Rátaí Comhionannaithe Riosca

Rátaí i bhFeidhm ar Chonarthaí a thosaíonn/a dhéantar a athnuachan ón 1 Aibreán 2019 go 31 Márta 2020

Creidmheasanna Préimhe Comhionannaithe Riosca

| Cineál an Chonartha | Neamhfhorbartha | | Forbartha | |
|---------------------|-----------------|----------|-----------|----------|
| | Fireann | Baineann | Fireann | Baineann |
| 65-69 | €400 | €275 | €1,050 | €700 |
| 70-74 | €650 | €475 | €1,775 | €1,225 |
| 75-79 | €925 | €725 | €2,775 | €1,900 |
| 80-84 | €1,050 | €925 | €3,300 | €2,475 |
| 85+ | €1,350 | €1,075 | €4,600 | €3,100 |

Íoctar creidmheas úsáide leaba ospidéil de € 100 i leith gach oíche incháilithe a chaitheann duine árachaithe san ospidéal. Íoctar creidmheas úsáide ospidéil de € 50 i leith gach iontráil lae incháilithe chuig an ospidéal ag duine árachaithe.

Dleachtanna Stampa Pobalráitithe

| Dleachtanna Stampa Pobalráitithe (an Cineál Conartha) | Neamhfhorbartha | Forbartha |
|---|-----------------|-----------|
| Duine fásta (18 agus níos sine) | €177 | €444 |
| Leanbh (17 agus níos óige) | €59 | €148 |

Rátaí i bhFeidhm ar Chonarthaí a thosaíonn/a dhéantar a athnuachan ón 1 Aibreán 2020 go 31 Márta 2021

Creidmheasanna Préimhe Comhionannaithe Riosca

| Cineál an Chonartha | Neamhfhorbartha | | Forbartha | |
|---------------------|-----------------|--------|-----------|--------|
| | Male | Female | Male | Female |
| 65-69 | €350 | €225 | €1,150 | €675 |
| 70-74 | €575 | €425 | €1,850 | €1,300 |
| 75-79 | €850 | €625 | €2,650 | €1,950 |
| 80-84 | €1,075 | €775 | €3,350 | €2,525 |
| 85+ | €1,225 | €925 | €4,300 | €3,025 |

Íoctar creidmheas úsáide leaba ospidéil de € 100 i leith gach oíche incháilithe a chaitheann duine árachaithe san ospidéal. Íoctar creidmheas úsáide ospidéil de € 75 i leith gach iontráil lae incháilithe chuig an ospidéal ag duine árachaithe.

Dleachtanna Stampa Pobalráitithe

| Dleachtanna Stampa Pobalráitithe (an Cineál Conartha) | Neamhfhorbartha | Forbartha |
|---|-----------------|-----------|
| Duine fásta (18 agus níos sine) | €157 | €449 |
| Leanbh (17 agus níos óige) | €52 | €150 |

Rátaí i bhFeidhm ar Chonarthaí a thosaíonn/a dhéantar a athnuachan ón 1 Aibreán 2021**Creidmheasanna Prémhe Comhionannaithe Riosca**

| Cineál an Chonartha | Neamhfhorbartha | | Forbartha | |
|---------------------|-----------------|----------|-----------|----------|
| | Fireann | Baineann | Fireann | Baineann |
| 65-69 | €350 | €200 | €1,025 | €550 |
| 70-74 | €550 | €400 | €1,675 | €1,150 |
| 75-79 | €825 | €625 | €2,500 | €1,800 |
| 80-84 | €1,025 | €700 | €3,150 | €2,250 |
| 85+ | €1,250 | €825 | €3,750 | €2,550 |

Íoctar creidmheas úsáide leaba ospidéil de € 125 i leith gach oíche incháilithe a chaitheann duine árachaithe san ospidéal. Íoctar creidmheas úsáide ospidéil de € 75 i leith gach iontráil lae incháilithe chuig an ospidéal ag duine árachaithe.

Dleachtanna Stampa Pobalráitithe

| Dleachtanna Stampa Pobalráitithe (an Cineál Conartha) | Neamhfhorbartha | Forbartha |
|---|-----------------|-----------|
| Duine fásta (18 agus níos sine) | €157 | €449 |
| Leanbh (17 agus níos óige) | €52 | €150 |

Aguisín F - Staidrimh Phobalráitithe ar Feadh an tSaoil**Ualaithe Pobalráitithe ar Feadh an tSaoil a Íocadh;**

| Bliain | Líon na mBeathaí | Ualaithe a íocadh |
|--------|------------------|-------------------|
| 2017 | 26,136 | €4.5m |
| 2018 | 38,755 | €6.9m |
| 2019 | 52,653 | €9.8m |
| 2020 | 64,026 | €12.7m |



An tÚdarás Árachas Sláinte
The Health Insurance Authority

The Health Insurance Authority

Canal House, Canal Road, Dublin 6.

LoCall: 1850 929 166

T: (01) 406 0080

F: (01) 406 0081

E: info@hia.ie Website:

www.hia.ie